Mar gheall ar na buntáistí seo, aithnítear caithimh aimsire amuigh faoin aer mar ghné lárnach den phróiseas a chuideoídh leis an rialtas roinnt mhaith dá gcuid beartas náisiúnta agus straitéisí a chur i bhfeidhm. Déantar tagairt do na beartais agus do na straitéisí seo sa chéad chuid eile den doiciméad seo.

<sup>1</sup> Spórt Amuigh faoin Aer agus na Buntáistí don tSochaí <http://outdoorsportsbenefits.eu/resources/> (an Líora Éorpach um Spórt Amuigh faoin Aer, 2018)

## Buntáistí a bhaineann le Caithimh Aimsire Amuigh faoin Aer



### Meabhairshláinte agus folláine

- Caighdeán ginearálta meabhairshláinte
- Caighdeán saoil agus folláine ginearálta
- Cosaint i gcoinne meabhairghalar agus galar
- Dea-fheidhmiú mothaitheach
- Droch-fheidhmiú mothaitheach a laghdú
- Rialú mothúchán agus deacrachtaí a shárú
- Féinfbhorbairt
- Taithí dhearbach
- Bheith gníomhach agus sásta de réir mar a théitear in aois



### Sláinte fhisiciúil

- Sláinte fhisiciúil ginearálta agus cúinsí eile a bhaineann leis sin
- Cosaint i gcoinne galar amhail stróc, taom croí agus ailse
- Rátaí gortaithe ísle agus ionchas saoil níos faide
- A bheith folláin mar a théitear in aois
- Aireachtáil shuibhachtúil sláinte
- Buntáistí a bhaineann le a bheith amuigh faoin ngrian



### Saoránacht Ghníomhach

- Buntáistí don phobal
- Imeascadh agus cuimsíú
- Bheith ag obair go deonach
- Caipiteal Sóisialta Comhcheangail



### Oideachas agus foghlaim fad saoil

- Forbairt phearsanta
- Forbairt idirphearsanta
- Spreagadh oideachasúil agus gaiscí á mbaint amach
- Gnéithe cognáocha chun an foghlaim a fheabhsú
- Feasacht agus iompar comhshaoil



### Laghdú na Coireachta agus an iompair fhrithshóisialta

- Méadú iompar próshóisialta
- Cosc agus laghdú na coireachta



### Buntáistí eile

- Gníomhaíocht fhisiciúil fad saoil
- Inrochtaineacht
- Feidhmiú cognáoch
- Go leor buntáistí eile

Tábla 2 - Achoimre ar na Buntáistí a bhaineann le Caithimh Aimsire Amuigh faoin Aer

A photograph of a person in a red kayak paddling on a blue sea. In the background, there's a rocky shore and some small buildings on a grassy hillside.

# 04

---

Comhthéacs  
Straitéiseach

# Comhthéacs Straitéiseach | Straitéisí Náisiúnta



Tugtar aitheantas don tábhacht a bhaineann le caithimh aimsire amuigh faoin aer mar chuid lárnach den phróiseas chun gnéithe de roinnt mhaith straitéisí, pleannanna agus beartas a chur i bhfeidhm, na tionscnaimh seo a leanas san áireamh:

Tionscadal Éireann 2040

Clár An Rialtais - Ár dTodhchaí le Chéile

Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann - Beartas Forbartha Tuaithe (2021-2025)

An Straitéis Náisiúnta Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer (2023-2027)

Éire Shláintíúil: Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe (2013-2025)

Plean Gníomhaíochta Aeráide (2023)

Spórt Éireann - Beartas Maidir le Spórt agus le Gníomhaíocht Fhisiciúil Amuigh faoin Aer (2020)

Éirigh Gníomhach in Éirinn! An Plean Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiciúil (2016, rinneadh athbhreithniú ar an bplean i 2020)

An Straitéis Náisiúnta Um Chuimsiú Míchumais (2017-2021)

An Plean Téarnaimh Turasóireachta (2020-2023)

Forbairt agus Nuálaíocht Turasóireachta: Straitéis Infheistíochta 2016-2022

## 4.1 Tionscadal Éireann 2040

Is straitéis uileghabhálach fhadtéarmach de chuid an rialtais í Tionscadal Éireann 2040 chun thír na hÉireann a fheabhsú do gach duine a chónaíonn inti. Is comhcheangal idir an Creat Pleánala Náisiúnta (CPN) agus an Pleán Forbartha Náisiúnta (PFN) é Tionscadal Éireann 2040, atá bunaithe ar chomhfhís do phleanáil chomhordaithe agus d'infheistíochtaí ar fus na hÉireann. Leis an gCreat Pleánala Náisiúnta, tá sraith chomhroinnté 10 d'Toradh Straitéiseacha Náisiúnta nó (TSNanna) mar bhonn tacá le Tionscadal Éireann 2040 i ngach pobal ar fus na tíre. Bainfidh an CPN leas as na TSNanna seo chun a gcuid cuspóirí a chur i bhfeidhm. Is iad na TSNanna a bhaineann go sonrach le Straitéis Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall a fhorbairt ná TSN 3 Geilleagar Nearraithe Pobal agus Tuaithe agus TSN 7 Áiseanna agus Oidhreacht Fheabhsaithe. Tugtar aitheantas sa Chreat don ról lárnach atá ag ceantair tuaithe maidir lenár bhféiniúlacht a thuiscint, le borradh a chur faoin ngeilleagar agus faoin timpeallacht ardchaighdeán, agus tá tuiscint ann go dteastaíonn infheistíochta chun áiseanna i gceantair thuaithe le cothabháil a dhéanamh orthu agus le tacú leo, mar shampla; páirceanna náisiúnta, páirceanna foraoise, turasóireacht ghníomhaíochta agus conairí amhail bealaí glasa agus gorma, agus iad á gceangail le nó ag eascairt ón oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha. Chomh maith leis sin, aithnítear sa CPN, agus léirítear meás, ar an nasc doshéanta idir talmhaíocht agus turasóireacht. Tuigtear go gcruthaíonn an talmhaíocht cuid den tírdhreach a mbíonn

tóir ag thurasóirí uirthi, agus go ndéanann an talmhaíocht cothabháil ar an tírdhreach chéanna. Tuigtear chomh maith go mbíonn rochtain ar an tírdhreach seo, agus ar láithreacha rochtana nua a d'fhéadfaí a fhorbairt sa todhchaí, ag brath ar dhea-chaidreamh a chothú le húníneáil talún agus leis an earnáil talmhaíochta.

## 4.2 Clár An Rialtais - Ár dTodhchaí le Chéile

Is é cuspóir an Chláir Rialtais seo (Meitheamh 2020) ná folláine mhuintir agus shochaí na hÉireann a fheabhsú. Is é an dúshlán is práinní a bhaineann leis sin ná téarnamh agus athbheochan a dhéanamh i ndiaidh phaindéim COVID-19. Aithnítear an tionchar a bheidh ag an turasóireacht maidir le cuspóirí an Chláir a bhaint amach agus deirtear go bhfuil an Rialtas tiomanta d'fómhá na hÉireann a fhorbairt agus a neartú mar cheann scríbe saoire gníomhaíochta amuigh faoin aer do na margáí baile agus idirnáisiúnta. Tagraíonn na príomhghníomhartha maidir le caithimh aimsire amuigh faoin aer d'fhorbairt straitéisí nua, an Straitéis Náisiúnta Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer. Déanfar níos mó infheistíochta chun conairí, bealaí glasa, bealaí gorma, rotharbhealaí agus áiseanna don tslatiascaireacht a chur ar fáil, chomh maith le háiseanna eile caitheamh aimsire tuaithe. Sa tsú seo, bainfear leas as an éileamh níos mó atá ar an turasóireacht eachtraíochta, rud a chuirfidh leis an ngeilleagar i mbailte agus sráidbhailte tuaithe.

# Comhthéacs Straitéiseach | Straitéisí Náisiúnta

## 4.3 Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann - Beartas Forbartha Tuaithe (2021-2025)

Is é an cuspóir atá ag Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann - Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025, ná gur áiteanna beoga, inbhuanaithe a bheidh sna ceantair tuaithe in Éirinn agus go mbeidh caighdeán saoil níos fearr agus níos mó deiseanna ar fáil do dhaoiné a bhfuil cónaí orthu faoin tuath. Foilseofar Straitéis Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer den chéad uair riamh in Éirinn agus tacófar leis an straitéis seo trí níos mó infheistíochta a dhéanamh i gconairí, i mbealaí glasa, i rotharbhealaí, bealaí gorma agus áiseanna eile. Sa tsúl seo, bainfear leas as an éileamh níos mó atá ar an eachtraíocht amuigh faoi aer ó phaindéim COVID-19 i leith. Aithnítear go

bhfuil ról lárnach ag caithimh aimsire amuigh faoin aer maidir le cuspóir an bheartais a bhaint amach, go mbeidh ceantar tuaithe na hÉireann ina cheann scriibe a bhfuil tóir air do gníomhaíochtaí amuigh faoin aer agus don turasóireacht gníomhaíochta. Baineann deiseanna leis seo don fhás fostáochta i gceantair tuaithe a bhfuil baint acu leis an turasóireacht gníomhaíochta. Aithnítear na buntáistí don phobal agus don fholláine a bhaineann le caithimh aimsire amuigh faoin aer chomh maith. Mar shampla, cuireann forbairt spásanna glasa agus áiseanna caitheamh aimsire beocht sna pobail tuaithe. Baineann pobail taitneamh as na spásanna seo agus bíonn na háiseanna seo mar bhonn taca do shlite maireachtála sláintíúla, gníomhacha sna pobail chéanna.



## 4.4 An Straitéis Náisiúnta Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer (2023-2027)

Is straitéis thrasrialtais faoi stiúir na bpáirtithe leasmhara atá sa Straitéis Náisiúnta Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer 2023-2027, a forbraíodh i gcomhar le Comhairle na Tuaithe. Le Glac Chugat Saol Faoin Aer na hÉireann, leagtar amach fí, miséan agus gníomhartha d'fhonn forbairt agus bainistíocht inbhuanaithe na hearnála caitheamh aimsire amuigh faoin aer a stiúradh, a threorú, agus a éascú sna cúig bliana atá romhainn agus bhí ranpháirtíocht shuntasach páirtithe leasmhara agus phobail ag baint leis. Ós rud é gurb í an timpeallacht nádúrtha suíomh caitheamh aimsire amuigh faoin aer, is cuid lárnach den straitéis í cosaint na timpeallachta agus cuirtear bém ar bhrú caitheamh aimsire a laghdú ar ghnáthóga agus speicis leochaileacha

Is iad na cuspóirí straitéiseacha ná:

- **Ceannaireacht:** Cur chuige níos comhordaithe, níos comhtháite ag an leibhéal náisiúnta agus contae d'fhonn an úsáid acmhainní is fearr a chinntíú.
- **Timpeallacht:** An timpeallacht a chosaint le pleánail agus forbairt caitheamh aimsire amuigh faoin aer níos fearr, i gcomhréir le bainistíocht dea-chleachtais tírdhreach agus gnáthóig.
- **Feasacht:** Feasacht ar ár ndeiseanna amuigh faoin aer a chruthú agus taispeáint conas taitneamh a bhaint astu go freagrach.
- **Deiseanna:** Líon na ndaoine atá gníomhach amuigh faoin aer a mhéadú agus tacú leo,

daoine óga agus grúpaí tearcionadaithe ach go háirithe.

- **Rochtain:** Rochtain amuigh faoin aer a chosaint agus a fheabhsú ar son cach.
- **Saineolas:** Eolas, scileanna agus saineolas páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe a fheabhsú.

## 4.5 Éire Shláintíúil: Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe (2013-2025)

- Is creat rialtais atá in Éire Shláintíúil d'fhonn gníomhú chun sláinte agus folláine ár dtíre a fheabhsú. Sainítear fír shoileár ann a bhfuil ceithre sprioc aici. Leagtar amachcreat leathan gníomhartha a dhéanfaidh Ranna Rialtais, údarás atíúla, gníomhairesactaí reachtúla, grúpaí pobail agus deonacha, gnóthaí, teaghlaigh agus daoine aonair d'fhonn sláinte agus folláine a fheabhsú agus narioscaí atá ann do na glúnta atá le teacht a laghdú.
- Treochlár atá i gCreat Éire Shláintíúil 2019-2025 d'fhonn Éire níos sláintíúla a thógáil. Tá sé bunaithe ar cheithre phríomhsprioc d'fhonn sciar na ndaoine atá sláintíúil ag gach céim den saol a mhéadú, míchothromaíochtaí sláinte a laghdú, an pobal a chosaint ó bhagairt sláinte agus folláine agus timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine aonair agus gach earnáil den tsochaí a bpáirt a dhéanamh chun Éire shláintíúil a bhaint amach.

## 4.6 Plean Gníomhaíochta Aeráide

# Comhthéacs Straitéiseach | Straitéisí Náisiúnta



(2023)

- Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide (2023) an bealach ina bhfuil Éire ag cur réitigh aeráide i gceartlár a forbartha sóisialta agus eacnamaíche. Ag a chroílár, baineann an Plean leis na deiseanna a bhaint amach a sholáthróidh timpeallacht, eacnamaíocht agus sochaí ghlan, inbhuanaithe ar bhealach atá cothrom do chách.
- Cuireann sé le Plean Gníomhaíochta Aeráide 2021 a leag béim ar an tábhacht a bhaineann le caitheamh aimsire amuigh faoin aer mar bhealach d'fhoinn cóngas leis an dúlra a mhéadú agus iompraíochtaí atá ar son na timpeallachta a chur chun cinn agus mar réiteach d'fhoinn astaíochtaí iompair a laghdú trí bhonneagar siúil agus rothaíochta a fhorbairt agus na buntáistí a bhaineann leo ó thaobh sláinte daoine a fheabhsú.
- Tugtar tacaíocht sa Phlean freisin don ghá tailte portaigh atá ann a thabhairt ar ais ar choinníollacha níos nádúrtha d'fhoinn réimse tairbhí aeráide a chur i gcrích trí astaíochtaí laghdaithe carbón, stóráil carbón, fhadtéarmach, ceapadh carbón méadaithe, agus athléimneacht mhéadaithe ar thionchair an athraithe aeráide atá coinnithe istigh cheana féin. Tá obair ar siúl cheana féin d'fhoinn na limistéir phortaigh dhamáistithe ar fhánaí ísle na hEaragaile a athneartú a bhfuil drochthionchar orthu de bharr na húsáide méadaithe atá siúlóirí ag baint as an slíabhsin.

## 4.7 Spórt Éireann - Beartas Maidir le Spórt agus le Gníomhaíocht Fhisiciúil Amuigh faoin Aer (2020)

Is í an fhís a léirítear i mBeartas Spórt Éireann Maidir le Spórt agus le Gníomhaíocht Fhisiciúil Amuigh faoin Aer (2020) ná deiseanna a chruthú le go mbeidh gach duine in ann páirt a ghlaicadh agus taitneamh a bhaint as spórt agus as gníomhaíocht fhisiciúil amuigh faoin aer. Tá cuspóirí an bheartais dírithe ar cheithre sprioc, Sprioclimistéar 3 - tacú le forbairt infreastruchtúir agus Sprioclimistéar 4 - deiseanna a chruthú'. Faoi Sprioclimistéar 3, luaitear an dá chuspóir seo a leanas ó bheartas Spórt Éireann,

- tacú le forbairt straitéiseach infreastruchtúir amuigh faoin aer ar ardchaighdeán i gceantair thuaith agus uirbeacha araoan chun rannpháirtíocht sa spórt agus sa gníomhaíocht fhisiciúil a spreagadh
- coinneáil le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt conairí caitheamh aimsire in Éirinn trí chritéir cháilíochta agus dea-chleachtas a chur i bhfeidhm agus trí Chlár Náisiúnta Conairí a choimeád.


Faoi Sprioclimistéar 4, díríonn ceann amháin de na cuspóirí beartais ar

- infreastruchtúr caitheamh aimsire amuigh faoin aer sa Stát, idir sheanbhunaithe agus nua, a úsáid agus a chur chun cinn, conairí, bealaí glasa, suíomhanna caitheamh aimsire foraoise, rotharbhealaí sléibhe agus bealaí gorma san áireamh.

## 4.8 Éirigh Gníomhach in Éirinn! An Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil (2016, rinneadh athbhreithniú ar an bplean i 2020)

Is í an sprioc atá ag an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil ná an leibhéal gníomhaíochta fhisiciúil a bhíonn á dhéanamh ag daoine a mhéadú, agus buntáistí sláinte, eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach dá bharr.Luaitear an dá gníomh seo a leanas sa phlean:

- tosaíocht a thabhairt do phleanáil agus d'fhorbairt infreastruchtúir a bhaineann le síul agus rothaíocht agus le hinfreastruchtúr a bhaineann le caithimh aimsire / gníomhaíocht fhisiciúil i gcoitinne
- straitéisí siúil agus rothaíochta a fhorbairt i ngach limistéar Údarás Áitiúil.



# Comhthéacs Straitéiseach | Straitéisí Náisiúnta

## 4.9 An Straitéis Náisiúnta Um Chuimsíú Míchumais (2017-2021)

Is cur chuige comhordaithe atá sa Straitéis Náisiúnta um Chuimsíú Míchumais thar na Ranna Rialtais chun cuimsíú níos fearr a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn. Dírlonn Cuid 8 den straitéis, 'Modh lompair agus Áiteanna Inrochtana', ar fhorbairt rochtana a dhéanamh ar áiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer, go háirithe cosáin agus conairí. Éiltear i gCuid 6, 'Seirbhísí Míchumais Duine-lárnaithe', go mbunófar áiseanna caitheamh aimsire ar phrionsabail deartha uilíocha agus go gcuirtear feasacht agus eolas ar an míchumas chun cinn i gcomhlachtaí spóirt.

## 4.10 An Plean Téarnaimh Turasóireachta (2020-2023)

Bunaíodh Taschfhórsa Téarnaimh na Turasóireachta (TTT) i mí Bealtaine 2020 agus d'fhorbair siad plean téarnaimh d'earnáil na turasóireachta mar fhreagra ar an tionchar a d'imír COVID 19 ar an earnáil. Tá 'Infheistíocht i dTáirgeacht Turasóireachta a Mhéadú' ar phríomhghníomhartha an TTT. Leis seo, aithnítear oidhreacht thíoga agus nádúrtha na hÉireann mar bhunchloch ar ar bunaíodh turasóireacht na hÉireann go dtí seo agus aithnítear go dteastaíonn níos mó infheistíochta agus cur chuige cruthaitheach, nuálach agus an tairiscint táirgí á fhorbairt amach anseo. Beidh níos mó infheistíochta ag teastáil don fhorbairt táirgí maidir le caithimh aimsire amuigh faoin aer. Mar shampla, rochtain ar spásanna móra oscailte a chumasú agus an úsáid a bhaintear as na spásanna seo a fheabhsú, rud a chuirfidh le stádas Éireann mar cheann scríbe atá glas, glan agus inbhuanaithe.

## 4.11 Forbairt & Nuálaíocht Turasóireachta (2016-2022)

Luann Fáilte Éireann i bhForbairt agus Nuálaíocht Turasóireachta: Straitéis Infheistíochta 2016-2022, go bhfuil sé mar sprioc acu an méid airgid a chuireann an turasóireacht leis an ngeilleagar i bpobail áitiúla a mhéadú agus luaitear spriocanna eile a bhaineann le 'rochtain ar an tírdhreach', nó spéis a mhúscailt sa timpeallacht nádúrtha. Tá Fáilte Éireann tiomanta do thacaíocht a thabhairt, go díreach nó go hindíreach, do thionscadail a thacaíonn le taithí cuartaíochta tograí branda, Slí an Atlantaigh Fhiáin san áireamh, más é trí rochtain a chruthú go hinbhuanaithe nó trí fheabhas a chur ar rochtain. Mar shampla, trí infraestructúr caitheamh aimsire a fhorbairt nó a fheabhsú amhail cosáin chun rochtain a fheabhsú agus creimeadh a bhainistiú, láithreacha faire fiadhúlra, cosáin chósta agus araile. Chomh

maith leis an infheistíocht a dhéanfaidh Fáilte Éireann iad féin, gríosóidh an comhlacht údarás áitiúla agus tionscnóirí tionscadail chun deachláchtas idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm chun rochtain inbhuanaithe a sholáthar don tírdhreach agus don chósta nach gcuirfidh isteach ar an timpeallacht.

**Déanfar iarracht le Straitéis  
Caitheamh Aimsire Amuigh  
faoin Aer do Dhún na nGall a  
bheith i dtíuin leis na beartais  
agus straitéisí a luaitear  
anseo thuas, agus iad a chur i  
bhfeidhm.**



# Comhthéacs Straitéiseach | Straitéisí Chomhairle Contae Dhún na nGall

Beidh an Straitéis Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall i dtiúin leis na cuspóirí a luaitear i bPlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024 (a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair), sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail - 2016-2022 (a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair) agus sa Straitéis Turasóireachta do Dhún na nGall (2023-2027) a bheidh ag teacht chun cinn go luath, agus déanfar iarracht na cuspóirí seo a chur i bhfeidhm.



## 4.12 Plean Forbartha Contae (2018-2024)

Léirítear fíos uaillmhianach sa Phlean Forbartha Contae d'fhorbairt agus d'fhás sa chontae ó 2018-2024. Luaitear príomhchuspóirí agus beartais na Comhairle a bhaineann le caithimh aimsire amuigh faoin aer sa Phlean, sna caibidlí a bhaineann le hinfreastreachtúl, le hoidhreacht nádúrtha, le turasóireacht, acmhainní mara agus bainistíocht cósta. Luaitear na cuspóirí seo ina measc;

- bealaí siúil agus rothaíochta fadraoin a éascú agus a nascadh le chéile idir limistéir lonnaíochta do chaithimh aimsire agus mar roghanna malartacha taistil ar an gcarr, go háirithe i gceantair faoin tuath
- cothabháil, feabhas agus forbairt don Ghréasán Náisiúnta Raonta Rothar a thacú agus a éascú
- na radhairc, tábhacht na tírdhreaca cultúrtha agus áiseanna caitheamh aimsire agus comhshaoil ar chósta an Chontae a chosaint i gcoinne forbairt mhíchúr
- moltaí forbartha d'fhorbairtí táirge turasóireachta a bhaineann le hacmhainní nó le gníomhaíochtaí a mheas ar fud an Chontae, seachas laistigh de limistéir fíor-ardscéimhe (mar shampla, forbairtí a bhaineann le siúl, le rothaíocht, le marcaíocht capall, iascaireacht/slatiascaireacht, spóirt uisce, caithimh aimsire amuigh faoin aer, ionaid cheardaíochta/chultúrtha agus araile)
- forbairt infreastreachtúr nua a éascú agus infreastreachtúr rochtana mara seanbhunaithe



a uasghrádú, céanna, cuanta, áiseanna bearta agus fánain san áireamh

- forbairt chuí áiseanna slatiascaireachta a éascú ar fud an Chontae
- moltaí forbartha a éascú a fheabhsaíonn rochtain ar na hOileáin agus a thacaíonn le cur chun cinn inbhuanaithe na n-Oileán.

anseo thíos:

- Dún na nGall a fhorbairt mar áit nasctha
- leas a bhaint as caipiteal nádúrtha agus daonna Dhún na nGall
- meas a léiriú ar acmhainní cultúrtha agus cruthaitheacha Dhún na nGall, iad a chothú agus a fhorbairt
- pobail a bheidh ionchuimsitheach, inbhuanaithe agus sláintíúil a chur chun cinn
- Dún na nGall a fhorbairt mar phríomhchéigíún don fhoghlaim, don taighde agus don nuálaíochta.
- Branda Dhún na nGall a fhorbairt
- fiontraíocht, infheistíocht agus fiontar a chur chun cinn

Is gné lárnach é caithimh aimsire amuigh faoin aer den Straitéis Turasóireachta do Dhún na nGall (2023-2027) a bheidh ag teacht chun cinn go luath.

## 4.13 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (2016-2022)

Tá sé mar sprioc ag Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Dhún na nGall 2016-2022 forbairt eacnamaíoch agus forbairt pobail a chur chun cinn sa Chontae. Is í Fís an Phlean ná 'áiteanna agus muintir Dhún na nGall a nascadh le chéile, leas a bhaint as na deiseanna eacnamaíocha sa chontae agus pobail láidre, sláintíúla a chothú a bheidh ionchuimsitheach agus inbhuanaithe.' Baineann na 7 bpríomhchuspóirí sa Phlean ar fad leis an Straitéis Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer, luaitear na príomhchuspóirí

# 05

---

Próiseas Forbartha -  
Straitéis Caitheamh  
Aimsire Amuigh  
faoin Aer do Dhún  
na nGall



# Próiseas Forbartha - Straitéis Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall

**Le blianta beaga anuas, tá feasacht agus tuiscint níos forleithne laistigh de Chomhairle Contae Dhún na nGall (CCD) agus i measc na bpríomphpháirtithe eile timpeall an chontae a bhíonn ag plé le caithimh aimsire amuigh faoin aer, go bhfuil gá le cur chuige comhoibritheach maidir le cinntí a dhéanfar sa todhchaí i ndáil le caithimh aimsire amuigh faoin aer. Tuigtear go bhfuil obair mhór, ilghnéitheach ar siúl ag daoine, go bhfuil méadú ag teacht ar an obair sin agus go bhfuil impleachtaí ag an obair a dhéanann daoine ar a chéile.**

Chun treoir a thabhairt maidir leis an Straitéis seo, bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun próiseas comhoibritheach, feasach a chinntí, chun eolas a roinnt, chun comhairle a chur ar fhoireann an tionscadail le linn an phróisis, agus chun an Straitéis a threorú. Ar na baill den ghrúpa, bhí ionadaithe ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus an tOifigeach Caitheamh Aimsire Tuaithé ó Fhorbairt Áitiúil Dhún na nGall.

Bunaíodh Grúpa Páirtithe Leasmhara go gairid ina dhiaidh seo, a sholáthair foinse eolais don iniúchadh, a chuir le fis, misear agus téamaí na Straitéise agus í á cur le chéile agus a d'aontaigh le moltai na Straitéise agus leis na príomhgníomhaireachtaí soláthair a bheadh bainteach le cur i bhfeidhm na straitéise, mar a sonraíodh sa Phlean Gníomhaíochta.

Ar na páirtithe leasmhara, bhí ionadaithe ó na hearnálacha seo a leanas - turasóireacht, comhshaol, rannpháirtíocht, rochtain, feirmeoireacht, oideachas, sláinte agus óige, mar aon le hionadaithe ó na trí Chomhlacht Forbartha Áitiúil agus na gníomhaireachtaí Stáit iomchui.



Chun treoir a thabhairt maidir le forbairt na Straitéise, rinneadh iniúchadh cuimsitheach lenar bhain na céimeanna seo a leanas;

- léargas a thabhairt ar mar atá cúrsáí caitheamh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall faoi láthair, maidir le húinéireacht talún, rochtain, próifil comhshaoil agus ainmniúcháin chomhshaoil
- Déantar athbhreithniú ar sholáthar na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl timpeall Dhún na nGall i dTábla 1, agus láthair suímh luate le gach gníomhaíocht (chomh maith le heolas ar áiseanna agus infreastachtúr an tsuímh, más infheidhme) agus luatear clubanna nó soláthraithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí de réir mar is cú. Cuireadh an t-eolas seo ar léarscáil tríd an gcóras fainseáise geografaí.

○ léargas ar na deiseanna reatha agus ar na deiseanna a d'fhéadfáí a fhorbairt do chaithimh aimsire amuigh faoin aer ar leibhéal Ceantar Bardasach, toisc Dún na nGall a bheith chomh mór sin.

Tá eolas sonrach faoin iniúchadh ar fáil sa Tuarascáil Iníúchóireachta a ghabhann leis an Straitéis seo.

Gné lárnoch eile a bhain le próiseas na Straitéise ná clár cuimsitheach comhairliúcháin a réachtáil. Mar chuid den chlár comhairliúcháin;

- rinneadh comhairliúchán 1-1 leis na baill ar fad ón nGrúpa Stiúrtha agus ón nGrúpa Páirtithe Leasmhara
- rinneadh comhairliúchán 1-1 leis na Coistí Náisiúnta Rialaithe do na gníomhaíochtaí caitheamh aimsire amuigh faoin aer a shonraítear i dTábla 1

○ rinneadh comhairliúchán le baill foirne ó lucht stiúrthóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ón Lónra Rannpháirtíocha Pobail (LRP), go háirithe le baill foirne ón LRP a bhíonn ag plé le cúrsáí comhshaoil.

○ rinneadh ceardlanna comhairliúcháin ar líne le baill ón gComhairle.

○ rinneadh ceardlanna comhairliúcháin ar líne leis an bpobal, a eagraíodh de réir na gCeantar Bardasacha.

○ scaipeadh ceistiúchán poiblí ar líne agus fuarthas 457 freagra ina leith

Tugadh cuairt ar phríomhshuionmhanna caitheamh aimsire le linn phróiseas na Straitéise chun eolas a thabhairt d'fhoireann na straitéise agus chun freagraí ó na céimeanna comhairliúcháin a chruthú.

A photograph showing two windsurfers on a choppy, greenish-blue sea. The windsurfer on the left is performing a high aerial maneuver, with the sail and board angled upwards. The windsurfer on the right is riding a wave, leaning into the turn. Both sails are white with blue or green accents.

06

---

Mar Atá  
Cúrsaí Faoi  
Láthair

# Mar Atá Cúrsaí Faoi Láthair

**Toisc limistéar geografach Dhún na nGall a bheith chomh mór, rangaíodh staid láithreach caitheamh aimsire amuigh faoin aer mar 'dhúshláin' agus 'deiseanna' a bhaineann leis na cúig Cheantar Bhardasacha (CBanna) de réir a chéile, chomh maith le hanailís a dhéanamh ar an gContae mar aon limistéar amháin.**

Tá anailís ar mar atá cúrsaí faoi láthair i ngach CB, mar aon le heolas ar na deiseanna a bhaineann leis an CB, le fáil sa Tuarascáil Iníúchóireachta a ghabhann leis an Straiteás seo.

Léirítear mar atá cúrsaí faoi láthair sa Chontae ar fad i dTábla 3 agus déantar achoimre ar an aiseolas a fuarthas mar chuid den phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin.

Leagtar an bhéim ar bhuntáiste ionlán a bhreith as na dúshláin a sainaithníodh agus dul i ngleic leo go héifeachtach le gníomhartha, forbairt caitheamh aimsire amuigh faoin aer a stiúradh agus a bhainistiú ar bhealach lena áirítear cur chuige comhoibritheach ó na gníomhaireachtaí ar fad atá páirteach.



## Dúshláin

Níl duine ainmnithe sa chontae le feidhmiú mar lárphointe teagmhála chun comhairle, treoir agus eolas a thabhairt ar gach rud a bhaineann le caithimh aimsire amuigh faoin aer

Is beag compháirtíocht agus comhoibriú atá san earnáil caitheamh aimsire amuigh faoin aer faoi láthair, mar shampla idir úinéirí talún/bainisteoirí (grúpaí Stáit agus príobháideacha araon), CCD, Comhlacthaí Forbartha, grúpaí pobail, soláthróirí gníomhaíochtaí, soláthróirí seirbhísí agus soláthróirí na gclár rannpháirtíocha

Thabharfadh cur chuige pobaldhírithe ón mbun anfós aghaidh ar shaincheisteanna forbartha idir úinéirí talún agus bainisteoirí maidir le caithimh aimsire amuigh faoin aer

Teastaíonn níos mó comhoibrithe agus soiléireachta maidir le ról agus le cúramáí na ndaoine a bhíonn ag plé le caithimh aimsire amuigh faoin aer ar bhonn laethúil. Mar shampla, OCAT, Oifigeach Caitheamh Aimsire Amuigh faoi Aer CCD, OCAT nua-cheaptha na n-Oileán agus Oifigigh CCD a bhíonn ag plé le hiarratais ar mhaoiniú don Scéim um Infraestructúr Caitheamh Aimsire Amuigh faoi Aer

Níl Oifigeach don Bhithéagsúlacht i nDún na nGall nó in CCD

Tá éileamh níos mó ag teacht ar na hoileáin. Baineann dúshláin maidir le bainistíocht cuartaíochta leis seo, agus is údar imní é maidir le bithéagsúlacht agus gnáthóga na n-oileán

Baineann dúshláin bhainistíocha cuartaíochta le cuid de na suíomhanna is mó a mbíonn tóir orthu ar an gcósta agus isteach ón gcósta. Baineann na dúshláin seo le heaspa cúram ag na suíomhanna maidir le plódú tráchtá, bruscar, camras, tinte campa, campáil agus fadhbanna a bhaineann le madraí.

Is beag áiseanna don mharcaíocht capall atá ar fud an Chontae - níl aon chosán marcaíochta poiblí ann.

Tá feabhas le cur ar chuid de na suíomhanna caitheamh aimsire ó thaobh rochtana de, chomh maith le comharthaíocht chuig an suíomh, eolas ag túis na siúlóide, comharthaí bealaigh agus léirmhiniú

Níl cuid de na seirbhísí cuartaíochta ag príomhshuíomhanna caitheamh aimsire ar an gcaighdeán ard a mbíonn úsáideoirí ag súil leis. Mar shampla, leithris, áiseanna feistis agus seirbhísí lónadóireachta

Is beag áiseanna lóistín atá ann d'úsáideoirí caitheamh aimsire, dála óstáin, láithreacha campála agus glampála, faighneoga agus ionaid sheirbhísí

Teastaíonn níos mó sonraí chun clár leanúnach comhordaithe bainistíocha agus cothabhála a threorú do chosáin siúil agus do shuíomhanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer

Teastaíonn saineolas ó ghrúpaí ar leith maidir le rochtain ar na suíomhanna.

Níl deiseanna maoinithe cuí ann chun clár fhor-rochtana rannpháirtíocha a sholáthar do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht

Tábla 3 – Dúshláin agus Deiseanna



## Dúshlán

Tá cuid de na príomhshuíomhanna caitheamh aimsire tar éis an 'acmhainn iompair comhshaoil' a shárú. Tá creimeadh cosáin ag tarlú mar gheall ar líon ard na gcuaireoirí ag taisteal chuig na suíomhanna agus mar gheall ar an easpa cothabhála, agus an easpa monatóireachta comhshaoil ag na suíomhanna.

Tá géaraghá le saintraenáil a chur ar fáil maidir le forbairt cosán, go háirithe ar thírdhreach atá á chaomhnú nó á chosaint.

Is beag sonraí comhordaithe atá ann maidir le líon na n-úsáideoirí ar fud an Chontae

Níl próiseas foirmiúil ann maidir le himeachtaí a reáchtáil ar thalamh ard, a chinnteodh go mbeadh na himeachtaí inbhuanaithe agus nach ndéanfaidís dochar don timpeallacht

Tá doiléire ag baint leis an míniú ar Bhealaí Glasá agus Gorma.

Níl rochtain éasca ar áiseanna caitheamh aimsire seánbhunaithe agus níl naisc mhaithe idir na háiseanna sin agus forbraíochtaí nua turasóireachta.

Níl ach líon teoranta deiseanna caitheamh aimsire ann atá dírithe ar theaghlaigh. Mar shampla, rothaíocht uile-thalún do theaghlaigh, pumpraonta agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Níl aon suíomhanna foirmiúla sa Chontae don rothaíocht sléibhe uile-talún.

Níl líonra foirmiúil ann do sholáthróirí gníomhaíochtaí ar fud an Chontae

Baineann dúshlán suntasach le costais árachais, tá líon na soláthróirí gníomhaíochtaí ag laghdú ar fud an Chontae mar gheall ar an méadú ar phréimheanna árachais

Teastaíonn tuilleadh machnaimh maidir leis an rialachán foirmiúil atá á chur i bhfeidhm san earnáil soláthar gníomhaíochtaí in Éirinn.

Níl ach líon teoranta seirbhísí 'oíche' á gcur ar fáil ag an earnáil phríobháideach chun taitneamh a bhaint as a bheith amuigh faoin aer istoíche. Mar shampla, siúlóidí a dhéanamh agus an ghrian ag dul faoi, nó cadhcáil faoi sholas na gealaí

Níl ach líon teoranta treoraithe caitheamh aimsire amuigh faoin aer a bhfuil Gaeilge acu, amhail 'Ceannairí Ísealchríche', giollaí agus teagascóirí caitheamh aimsire amuigh faoin aer cáilithe.

Níl leas á bhaint mar i gceart as naics idir caithimh aimsire amuigh faoin aer agus scéalta a bhaineann le hoidhreacht shaibhir nádúrtha agus cultúrtha an cheantair, go háirithe oidhreacht na Gaeilge.

Tá féidearthachaí ann chun imeachtaí caitheamh aimsire amuigh faoin aer a fhorbairt ar fud an Chontae

Deiseanna	
Tá saibhreas oidhreachta sa cheantar - idir oidhreacht nádúrtha, thíoga agus chultúrtha	Aithnítear an tábhacht a bhaineann le caithimh aimsire amuigh faoin aer mar phríomhshócmhainn i nDréacht-straitéis Turasóireachta Dhún na nGall (2023-2027) maidir le tairiscintí cuartaíochta agus fás eacnamaíoch an cheantair
Clúdaíonn Gaeltacht Dhún na nGall 1502km <sup>2</sup> den chontae, oiléain Dhún na nGall san áireamh - is ionann sin agus 26% de limistéar iomlán na Gaeltachta	Tá 6 Pháirc Náisiúnta in Éirinn. Is í Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha an dara páirc is mó sa tír agus tá sí ar na príomhshúomhanna caitheamh aimsire sa Chontae. Tá 'Plean Forbartha Eispéireas Cuartaíochta' ag druidim chun deiridh do Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus baineann cuid de na moltaí sa phlean le bheith ag cur leis na deiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer sa pháirc
Tá réimse leathan tírdhreach agus uisceadhreach sa chontae ar féidir caithimh aimsire amuigh faoin aer a dhéanamh ann. Mar shampla, an cósta, aibhneacha, locha, foraoisí, sléibhte, cnoic, aillte mara, oiléain, portaigh agus tránná	Tá ionadáiseanna a moladh do ghníomhaíochtaí ar an uisce, maoinithe ag Fáilte Éireann, á bhforbairt i mbun Dobhráin agus sna Dúnaibh
Aithnítear Dún na nGall mar cheann scriibe caitheamh aimsire amuigh faoin aer in Éirinn do ghníomhaíochtaí ar an talamh agus ar an uisce ar aon	Fuarthas maoiniú forbartha tosaigh do 6 Bhealach Ghlasa. Tá 3 shuíomh in Inis Eoghain agus suíomhanna eile Bhearnas Mór, i Leitir Ceanainn-Ailt an Chorráin, agus an nasc idir Caisleán na Finne agus Bealach glas Ghleann an Fheabhlai (An Carraigín- Caisleán na Finne)
Tá áiseanna maithe siúil ann - agus an iliomad cosáin atá ar fhaid éagsúla ar fáil, cosáin fhraoise, pháisce, shléibhe agus chnoic, cosáin chósta, cosáin taobh le hiar-iarnróid traenach agus bóithre portaigh san áireamh	Tá 3 Chomhlacht Forbartha Áitiúil bainteach le forbairt caitheamh aimsire amuigh faoin aer, mar aon le CCD, Údarás na Gaeltachta, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Coillte, lascaigh Intíre Éireann (III) agus Gníomhaireacht na Lochanna
Tá áiseanna maithe sa cheantar ó thaobh infreastachtúir spóirt uisce de; céanna, fánain, cuanta, pontúin agus muiríní	Tá grúpaí gníomhach pobail atá bainteach le caithimh aimsire amuigh faoin aer chomh maith, a bhíonn ag plé le forbairt, le bainistíocht agus le cothabháil áiseanna
Tá 12 trá agus 2 mhuiríne sa chontae faoi láthair i 2022, a bhfuil brat gorm acu agus 4 chósta ghlasa	Oibríonn Oifigeach Caitheamh Aimsire Tuaithe (OCAT) le Forbairt Áitiúil Dhún na nGall agus bíonn an t-oifigeach an-ghníomhach ar fud an Chontae
Baineann deiseanna uathúla le Dún na nGall do chaithimh aimsire amuigh faoin aer, toisc cósta agus talamh a bheith le hais a chéile	Ceapadh Oifigeach nua Caitheamh Aimsire Tuaithe a mbeidh na hOileáin faoina chúram
Is é imeallbhord Dhún na nGall an t-imeallbhord is faide in Éirinn – 1,132km agus is cuid suntasach é de Shlí an Atlantaigh Fhiáin	Tá Fáilte Éireann tar éis Bainisteoir nua a cheapadh don Ghaeltacht agus do na hOileáin
Tá Aerfort Idirnáisiúnta Dhún na nGall lonnaithe sa chontae agus rochtain éasca ar an gcontae dá bharr. Roghnaíodh an t-aerfort mar an t-aerfort is áille ar domhan 3 bliana i ndiaidh a chéile	Tá earnáil láidir phríobháideach sa cheantar a chuireann deiseanna caitheamh aimsire ar fáil trí threalamh á ligean amach ar cíos, agus trí theagasc, treorú, turais bháid agus araile a chur ar fáil
Tá níos mó ainmniúchán i nDún na nGall ná i gcontae ar bith eile in Éirinn maidir le hainmniúcháin do ghnáthóga speisialta – ainmniúchán idirnáisiúnta (an Pháirc Náisiúnta), Eorpacha (Limistéir faoi Chosaint Speisialta, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta. Limistéir Oidhreachta Nádúrtha) agus ainmniúchán Réigiúnacha do ghnáthóga san áireamh	Tá ionad Eachtraíochta Ghartáin lonnaithe sa Chontae agus é á bhainistiú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Tá 3 cinn de bhuaicphointí Shlí an Atlantaigh Fhiáin lonnaithe i nDún na nGall; Cionn Fhánada, Cionn Mhálanna agus Aillte Shliabh Liag	Tá ag éirí go maith le cuid de na cláir rannpháirtíochta sa chontae a bhaineann leas as caithimh aimsire amuigh faoin aer. Bíonn na cláir seo á reáchtáil ag Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall (CSD), ag Foróige, agus ag FSS
Tá 'Plean Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe' Fáilte Éireann maidir le Leithinis Inis Eoghain ag druidim chun deiridh.	Cuirtear caithimh aimsire amuigh faoin aer chun cinn ar líne ar shuíomhanna gréasáin éagsúla agus ar na meáin shóisialta ar ardáin amhail Donegal.ie, Inishowen.ie, discoverdonegal.ie agus govvisitdonegal.com

Tábla 3: Mar atá cúrsaí faoi láthair i gContae Dhún na nGall maidir le caithimh aimsire amuigh faoin aer.

# 07

---

Fís, Misean agus  
Téamaí na Straitéis




# Fís, Misean agus Téamaí na Straitéise

Forbraíodh an Fhís agus an Misean seo a leanas chun caithimh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall a threorú, a chothú agus a choinneáil ag imeacht chomh fada le 2040.



## Ár bhFís

Dún na nGall - Ceann scríbe ilghnéisitheach, nádúrtha, iontaofa amuigh faoin aer do chách



## Ár Misean

Dea-thaithí caitheamh aimsire amuigh faoin aer a sholáthar do chách, mar a chosnáimid ár dtírdhreacha agus uiscedhreacha uathúla, ilghnéisitheacha agus forbairt a dhéanamh agus iad a chothú le compháirtíochtaí ina léiríonn na páirtithe meas ar a chéile. Teastaíonn uainn a bheith ag obair as lámh a chéile chun buntáistí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a sholáthar don phobal áitiúil agus do chuaирteoirí

Chun fíos agus misean na Straitéise a threorú, aithníodh sé théama, as ar síolraíodh roinnt gníomhartha straitéiseacha. Is iad na príomhthéamaí ná:

**1.**

Comhoibriú



**2.**

Sláine Comhshaoil



**3.**

Áiseanna  
agus Seirbhísí  
Cúartaíochta



**4.**

Ionchuimsitheacht



**5.**

Oiliúint agus  
Oideachas



**6.**

Feasacht agus  
Rannpháirtíocht



A photograph of a hiker walking up a rocky mountain ridge. The hiker is wearing a blue backpack and dark clothing. The mountain is rocky and covered in patches of green grass. In the background, there is a vast landscape with fields, a lake, and a town. The sky is blue with some clouds.

# 08

---

Príomhthéamaí



# Téama 1 | Comhoibriú

**Cuspóir: Spreagadh a thabhairt dóibh siúd a bhíonn ag plé le caithimh aimsire amuigh faoin aer, go díreach nó go hindíreach, chun a bheith ag obair as lámha a chéile ar bhealach dearfach, oscailte, freagrach agus comhoibrítheach.**



Toisc limistéar Dhún na nGall a bheith chomh mór, is nádúrtha go mbeidh líon ard comhlacthaí éagsúla bainteach le pleanaíl, le forbairt, le bainistiú agus le cur chun cinn caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud an Chontae. Bíonn úinéirí talún san áireamh leis seo, idir phoiblí agus phríobháideach, ar leo talamh nó a bhainistíonn an talamh ar a mbíonn caithimh aimsire amuigh faoin aer ar síúl, mar aon leis an údarás áitiúil agus comhlacthaí/grúpaí pobail, na trí Chomhlacht Forbartha Áitiúil agus comhlacthaí stáit. Chomh maith leis sin, bíonn baint dhíreach ag roinnt mhaith comhlacthaí spóirt agus ag go leor gníolachtaí san earnáil phoiblí le rannpháirtíocht a eáscú, de réir mar a bhíonn grúpaí nó comhlacthaí eile ag soláthar seirbhísí oideachais agus traenála a bhaineann le caithimh aimsire amuigh faoin aer.

Go nuige seo, ní raibh ach líon teoranta comhoibriú fiúntach nó leanúnach idir na comhlacthaí éagsúla a mbíonn baint acu le caithimh aimsire amuigh faoin aer. Mar gheall air seo, níl muinín ag comhlacthaí as a chéile, bíonn mearbhalla ar dhaoine maidir le ról agus cúramáil laistigh den earnáil caitheamh aimsire ina hiomláine, na hiarrachaí céanna á ndéanamh laistigh de na comhlacthaí agus easpa éifeachtúlachta sa tstí a gcaitear le hacmhainní, fiú agus na hacmhainní sin gann go minic.

I gcás úsáideoirí caitheamh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall, is é an toradh a bhíonn ar an gcur chuige píosa ar phíosa reatha sin ná laghdú ar a dtaití cuartaíochta, agus don chomhshaol, cruthaíonn sé damáiste neamhriachtanach trí chinnteoireacht an aineolais, cé go bhfuil dea-rún ann.

Ó chomhairliúchán, tá an comhshaol, pleánáil straitéisearch, pleánáil saoráidí, tosaíochtaí maoinithe, seachadadh tionscadail, bainistíocht saoráidí, taighde, oiliúint, cur chun cinn agus monatóireacht feasachta agus feidhmíochta, i measc na bpriomhreimsí comhoibríthe amach anseo chun eolas a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe caitheamh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall.

Chun an cur chuige straitéisearch comhoibrítheach nua seo a eáscú agus a threorú, moltar na moltaí seo a leanas, atá ag teacht le moltaí na Straitéise Náisiúnta Caitheamh Aimsire Amuigh Faoin Aer.

- 1 Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer don Chontae a cheapadh
- 2 Coiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall a bhunú
- 3 Fóraim Páirtithe Leasmhara Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer Dhún na nGall a bhunú

na theannta sin, moltar dhá mholadh eile. Is iad seo:

- 1 Grúpa Oibre Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer Dhún na nGall a bhunú
- 2 Coiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer Tras-Stiúrthóireacht de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall a bhunú

## 8.1.1. Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer

Chun comhordú agus cur i bhfeidhm na Straitéise Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer a chinntí, tá gá le hacmhainn thiomnaithe, is é sin, Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer. Beidh an Comhordaitheoir seo cuntasach don Choiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall. Chomh maith le feidhmiú mar Rúnaíocht don Choiste, d'Fhóraim Páirtithe Leasmhara agus don Ghrúpa Oibre (féach thíos le haghaidh tuilleadh sonrai), meastar go mbeidh an Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer freagrach as priomhreimsí oibre lena n-áirítear:

- feidhmiú mar an pointe aonair tiomnaithe teagmhála do gach páirtí leasmhar caitheamh aimsire amuigh faoin aer sa Chontae
- comhairle agus saineolas a thairiscint i réimsí mar rochtain, an próiseas pleánála cosáin, tógáil agus cothabháil cosáin
- cur le scileanna agus le heolas na bpriomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le caithimh aimsire amuigh faoin aer
- béim a leagan ar thosaíochtaí straitéisearcha an Chontae maidir le hinfeistíocht chaipitiúil i gcaithimh aimsire amuigh faoin aer agus a chinntí go bhfuil na páirtithe leasmhara ar fad ag obair as lámh a chéile chun iad seo a chomhlíonadh.
- tionscnaimh straitéisearcha caitheamh aimsire lasmuigh a chomhordú agus a threorú i réimsí eile mar thaighde/monatóireacht, cumarsáid, rannpháirtíocht agus oideachas.



## 8.1.2. Coiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall

Is é príomhchuspóir an Choiste Caitheamh Aimsire Amuigh Faoin Aer ná comhoibriú a chinntíú idir na príompháirtithe leasmhara go léir a bhfuil baint dhíreach nó indíreach acu le pleannáil, forbairt, bainistíocht, cur chun cinn, oideachas, oiliúint agus ranpháirtíocht caitheamh aimsire amuigh faoin aer.

Mar chuid d'fhorbairt na Straitéise seo bunaodh Grúpa Páirtithe Leasmhara lena n-áirítear ionadaithe ó na hearnálacha seo a leanas – turasóireacht, comhshaol, ranpháirtíocht, inrochtaineacht, feirmeoireacht, oideachas, sláinte agus óige, na trí Chuideachta Forbartha Áitiúla, an t-údarás áitiúil, agus gníomhaireachtaí stáit ábhartha.

Féadfaidh an Grúpa Páirtithe Leasmhara reatha seo, faoi réir athbhreithnithe, a bheith mar bhunús



don Choiste molta Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer. Ní chinnteofar an bhallraíocht deiridh go dtí go ndéanfar iniúchadh a léireoidh go bhfuil ionadaíocht chuí ann ó na hearnálacha ar fad, agus go bhfuil machnamh cuí tar éis a bheith tugtha do lón na n-ionadaithe ó gach earnáil. Is é príomhról an Choiste ná Plean Oibriúcháin bliantúil a aontú bunaithe ar na gníomhartha atá leagtha amach i Straitéis Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer Dhún na nGall agus a bheidh mar bhonn eolais do Chlár Oibre bliantúil an Chomhordaitheora Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer nua. Tabharfar túis áite sa Phlean Oibriúcháin d'obair a bhaineann le cothabháil leanúnach láithreán/cosáin, athnuachan sócmhainní na láithreán/cosáin atá ann cheana féin agus forbairtí nua caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud an Chontae, agus sainaithneoidh sé treoir tionscadail chomhaontaithe chun réimsí oibre faoi seach a chur chun cinn go sonrach maidir le maoiniú.

Toghfar Cathaoirleach an Choiste as comhaltaí an Choiste agus tiocfaidh sé le chéile go míosúil ar feadh na chéad 6 mhí agus ceithre huaire sa bhliain ina dhiaidh sin.

Comhaontóidh comhaltaí an Choiste agus cuirfidh siad meabhrán tuisceana i bhfeidhm ina leagfar amach na ról agus na freagrachtai riachtanacha chun a chinntíú go gcurfear na gníomhartha a eascraíonn as an Straitéis i gcrích. De réir mar is cuí, cruthófar foghrúpaí seasta agus/nó foghrúpaí a bhfuil teorainn ama leo nó a bhaineann go sonrach le tionscadail nuair is gá.

Áireofar ar bhaill Choiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall, ar a laghad, ionadaithe ó gach comhlacht a luaitear i dTábla 4.



### Comhaltas Beartaithe de Choiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall

Rúnaíocht don Choiste	– Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer
Compháirtíocht Spóirt Áitiúil	– Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Cuideachtaí Forbartha Áitiúla	– Oifigeach Caitheamh Aimsire Tuaithe (DLCD) – Oifigeach Caitheamh Aimsire Tuaithe (Comhar na nOileán) – POF – Compháirtíocht Forbartha Inis Eoghain
Údarás Áitiúil	– 1 Oifigeach a bhfuil baint aige le pleannáil, forbairt, cur i bhfeidhm nó maoiniú caitheamh aimsire amuigh faoin aer. – Oifigeach Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer – Comhordaitheoir Éire Shláintíúil do Dhún na nGall
Ionadaí Úinéara Talún Príobháideach	– Cumann Feirmeoireachta Natura agus Cnoic na hÉireann – Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Úinéirí talún poiblí/bainisteoirí talún	– Coillte, lascach Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna, SPNF, OOP
Gníomhaireachtaí Stáit	– Fáilte Éireann, Údarás na Gaeltachta, Éiceolaí NPWS/ Oifigeach Caomhantais Ceantair (nó a leithéid)
Oideachas, Oiliúint, Míchumas, Cuimisiú, Sláinte agus Óige	– Ionadaí amháin ó gach earnáil
Fóram Páirtithe Leasmhara	– Cathaoirleach nó ionadaí ó gach ceann de na 5 Fhóram Páirtithe Leasmhara MD

Tábla 4 - Ballraíocht mholta ar Choiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall.



### 8.1.3 Fóram Páirtithe Leasmhara Ceantar Bardasach Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer Dhún na nGall

Is í an eochair do rathúlacht na Straitéisé Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer a bheidh ann amach anseo ná ceannach isteach fiúntach a spreagadh agus a éascú ó earnáil níos leithne caitheamh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall ag cinntíú go nglactar cur chuige ón mbun aníos atá dírithe ar an bpobal chun forbairt inbhuanaithe caitheamh aimsire amuigh faoin aer a chinntíú sa todhchaí i nDún na nGall. Mar thoradh air sin, trí Fóram Páirtithe Leasmhara a bhunú i ngach ceann de na CBanna, ag cur san áireamh méid geografach Dhún na nGall, soláthrófar an deis le hionchur agus le húinéireacht i bpleanáil agus cur i bhfeidhm na Straitéisé Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer ag leibhéal áitiúil.

Arna éascú ag an gComhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer nua agus faoi chathaoirleacht ball den Fóram, arna cheapadh

go bliantúil ag comhaltaí an Fhóram, tiocfaidh gach Fóram le chéile trí huairé sa bhliain ag tabhairt deis do chomhaltaí bualadh le chéile, foghlaim agus lónrú, eolas comhchoiteann a roinnt ar shaincheisteanna amhail ardú ar chostais árachais, margaocht, brandáil, cothabháil, rochtain, srl, ceisteanna a chur faoi bhráid an Choiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer lena mbreithinníú agus fainseás a fháil ar ais ón gCoiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer, ag cruthú fóram do mhalartú fainseás atá sainiúil le háit.

Freastalóidh Cathaoirleach gach Fóram Ceantair ar chruinnithe an Choiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer. Is féidir cuireadh a thabhairt do chomhaltaí breise den Fhóram a bheith ranpnáirteach i bhfoghrúpaí seasta agus i bhfoghrúpaí a bhfuil teorainn ama leo e.g. foghrúpaí tionscadal-bhunaithe de réir mar is cuí agus nuair is gá.

Áireofar ar bhallaíocht an Fhóram raon leathan grúpaí sainleasa amhail iad siúd atá sonraithe i bhFig. 5.



#### Baill Mholta d'Fhóram Páirtithe Leasmhara Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer Dhún na nGall

Ionadaithe Tofa Áitiúla

Grúpaí Pobail

Úinéirí talún/bainisteoirí láithreán lena n-áirítear úinéirí talún príobháideacha, An Dún Riabhach, Ionad Cuairteoirí Shliabh Liag, Anaclann Éanlaithe Fiáine na hInse

Soláthraithe gníomhaiochtaí tráchtala faoin aer

Ionadaithe áitiúla ó Chomhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt e.g. Sléibhteoiréacht Éireann, Rothaíocht Éireann, Snámh Éireann

Díograiseoirí caitheamh aimsire amuigh faoin aer, clubanna etc

Soláthraithe seirbhise don earnáil caitheamh aimsire amuigh faoin aer mar shampla, soláthraithe cóiríochta

Ionadaithe sláinte, i.e., FSS

Eagraíochtaí Óige

Aois-Chairdiúil Dhún na nGall

Eagraíochtaí míchumais

Oibrithe deonacha caitheamh aimsire amuigh faoin aer

Maoirseoirí Scéime SST/TÚS/FP a bhfuil baint acu le caitheamh aimsire amuigh faoin aer

Ionadaithe áitiúla bainteach le Cumann Turasóireachta Eachtraíochta na hÉireann

Tábla 5 - Ballraíocht mholta ar Fhóram Páirtithe Leasmhara Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer Dhún na nGall



### 8.1.4 Grúpa Oibre Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer

Cé go dtabharfaidh an Coiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer raon leathan ionadaithe le cheile a bhfuil baint acu le caithimh aimsire amuigh faoin aer, tá gá freisin le grúpa eagraíochtaí níos lú teacht le cheile go rialta i ngrúpa oibre a bhíonn páirteach ó lá go lá le caithimh aimsire faoin aer a sholáthar ar fud an Chontae.

Soláthroidh an Grúpa Oibre seo ardán chun tionscadail a roinnt agus a phlé ag céimeanna coincheapa, forbartha agus pleanála, tionscadail atá á dtóigáil, sonraí an tionscadail, tionscadail nua ionchasacha agus chun saincheisteanna sonracha imní a ardú agus a phlé i measc chomhaltaí an Ghrúpa.

Déanfaidh an Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Lasmuigh nua an Grúpa a éascú agus buailfidh sé le cheile ar dtús go míosúil ar feadh na chéad dhá mhí dhéag óna bhunú. Beidh comhalta den Ghrúpa ina Chathaoirleach air ar bhonn rothlach, ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag.

### 8.1.5 Coiste Tras-Stiúrthóireachta Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer Chomhairle Contae Dhún na nGall

Mar gheall ar a nádúr, baineann caitheamh aimsire lasmuigh le sainchúram roinnt stiúrthóirí i gCCD. I bhfianaise scóip, éagsúlacht agus chastacht na hoibre, méid na Comhairle agus líon na mball foirne atá i gceist, tá sé tábhachtach

go mbeadh Oifigigh a bhfuil baint acu le gnéithe nó tionscadail ar leith a bhainéann le caitheamh aimsire amuigh faoin aer go hiomlán ar an eolas faoi mhionsonraí obair chomhghleacaithe eile sa réimse céanna nó gaolmhar, tá sé tábhachtach go mbeadh Oifigigh a bhfuil baint acu le gnéithe nó tionscadail ar leith a bhainéann le caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar an eolas go hiomlán ar mhionsonraí obair chomhghleacaithe eile sa réimse céanna nó gaolmhar, ag soláthar d'ailíníú seachadta agus éifeachtúlacht na seirbhís do chustaiméirí.

Éascóidh an Coiste Tras-Stiúrthóireachta Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer malartú fainseise, cothóidh sé caidreamh dearfach agus táirgiúil oibre, cruthóidh sé sineirgí idir agus trasna tionscadail éagsúla caitheamh aimsire lasmuigh, laghdóidh sé dúbailt iarrachta, méadóidh sé barainneachtaí scála agus soláthroidh sé cinnteoireacht níos fearr agus ailíníú seachadta níos fearr ar fud an Chontae. Tiocfaidh an Coiste Tras-Stiúrthóireachta Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer le cheile trí huaire sa bhliain.

Beidh an Coiste faoi chathaoirleacht ag leibhéal an Stiúrthóra, chun an luach cuí agus riachtanach a chur ar fáil don chomhrá, ag ardú próifíle agus ag aithint tábhacht ár saol amuigh faoin aer ag an leibhéal is airde den eagraíocht.

Luaitear na limistéir laistigh den údarás áitiúil a mbeidh ionadaíocht acu ar an gCoiste i dTábla 7

### Réimsí spéise - Coiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer Chomhairle Contae Dhún na nGall

Sláinte agus Folláine
Éagsúlacht – An Chomhairle Óige agus Aois-Chairdiúil
Forbairt Pobail
Timpeallacht
Oideachas
Forbairt Eacnamaíochta
Pleanáil
Turasóireacht
Bóithre
Taisteal gníomhach
Cultúr
Oidhreacht

Tábla 7 - Limistéir a mbeidh ionadaíocht acu ar Coiste Tras-Stiúrthóireachta na Comhairle.



Ballraíocht Mholta de Ghrúpa Oibre Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer Dhún na nGall	
Rúnaíocht	– Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer
Cathaoirleach	– Ball den Ghrúpa ar bhonn uainíochta
Guideachtaí Forbartha Áitiúla	– DLDC - Oifigeach Caitheamh Aimsire Tuaithé – Comhar na nOileán- Oifigeach Caitheamh Aimsire Tuaithé – Compháirtíocht Forbartha Inis Eoghain x1
Údarás Áitiúil	– Oifigeach Bithéagsúlachta – Oifigeach Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer nó eile – Oifigeach Turasóireacht
Úinéirí talún poiblí/bainisteoirí talún	– SPNF, Coillte, Iascach Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna
Gníomhaireachtaí Stáit	– Údarás – Oifigeach Scéim Fostaíochta Pobail

Tábla 6 - Ballraíocht mholta de Ghrúpa Oibre Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer Dhún na nGall



## Téama 2 | Sláine Comhshaoil

### Cuspóir: Oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha Dhún na nGall a chosaint ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht

Is sócmhainn luachmhar náisiúnta agus áitiúil é timpeallacht Dhún na nGall a élíonn bainistíocht inbhuanaithe chun forbairt agus fás a éascú agus a charactar, a chálíocht agus a luach dá bharr a choinneáil, a chaomhnú agus a chosaint.

Tá bonn leathan agus éagsúil acmhainní ag Dún na nGall ina bhfuil spíonta sléibhtiúla, limistéir bhratphortaigh, aibhneacha agus lochanna gan mhilleadh, acmhainní saibre mara lena n-áirítear cósta, tránná agus oiléain atá ar fad oiriúnach do raon leathan gníomhaíochtaí caitheamh aimsire amuigh faoin aer a sholáthar don phobal áitiúil agus don lón méadaitheach cuairteoirí a thagann go Dún na nGall.

Is cuid bhunúsach d'oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha Dhún na nGall í an timpeallacht uathúil agus ardluacha seo agus ní mór a chinntí go bhfuil a sláine riachtanach d'fhorbairt inbhuanaithe sa todhchaí agus taitneamh leanúnach as caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud Dhún na nGall.

Mar aitheantas ar a thimpeallacht ardchaighdeáin, agus d'fhonn é a chosaint, tá suas le 30% den Chontae ainmnithe mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, Páirc Náisiúnta, láithreáin Ramsar, Anaclanna Dúlra, Tearmann Éanlaithe Fiáine, Anaclanna Bhithghiniteacha, Tearmann le haghaidh Fána, Láithreáin Oidhreachta Geolaíochta na hÉireann agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna). Tagann an dá shonrú deiridh faoi ghréasán láithreán dá ngairtear láithreáin Natura 2000 agus cuimsítear iontu láithreáin a bhfuil an tábhacht bithéagsúlachta is airde ag baint leo do ghnáthóga agus speicis neamhchoitianta agus faoi bhagaírt ar fud

an AE. Faoi láthair tá 47 SACanna agus 26 SPAanna laistigh, nó go páirteach laistigh de Dhún na nGall. Ina theannta sin, agus tráth scríofa na tuarascála seo, tá 12 trá ainmnithe de chuid an bhrait ghoirm agus 2 muuiríne brataí i nDún na nGall, mar aon le 4 chósta ghlasa.

Mar a luadh sa réamhrá, is cuid uathúil iad Oileáin Dhún na nGall de thairiscint caitheamh aimsire amuigh faoin aer sa Chontae. Tá méadú suntasach tagtha ar na leibhéal úsáide le blianta beaga anuas agus cuireadh túis leis seo le fiosracht athnuaithe na háite agus éasáidh go mór é trí rochtain éasca ar bháid. Tá go leor de na hOileáin sainithe tábhachtach mar gheall ar a ghnáthóga agus a mbithéagsúlachta shaibhir. Chuige seo tá sé tábhachtach a chinntí nach gcuirtear isteach ar na hoileáin a thuilleadh trí ghníomhaíochta dhaonna mhíchuí nó iomarcach agus go ndéantar bainistiú ar chaitheamh aimsire amuigh faoin aer laistigh de 'acmhainn iompair caitheamh aimsire' an cheantair.

Tugtar an 'acmhainn iompair caitheamh aimsire' ar an gcoincheap bunúsach inar féidir le gach timpeallacht gníomhaíochtaí caitheamh aimsire a chothú suas go dtí an leibhéal is fearr, agus ina dhiaidh sin is féidir a bheith ag súil le meath sa timpeallacht agus/nó sa ghníomhaíochta atá ar siúl. Is é an léiriú is soiléire ar an talamh d'fhórsaí caitheamh aimsire a chuireann brú trom ar limistéir fogaire ná srutharlú cosán agus díghrádú agus meath cosán. Is féidir damáiste a bheith soiléir i bhfoirm damáiste éiceolaíoch, fisiceach agus aireachtála.

- Is ionann damáiste éiceolaíoch agus damáiste don fhásra, d'ithreacha agus do thírghnéithe
- Bíonn tionchar ag damáiste fisiciúil ar

dhromchla an chosáin agus timpeall air

- Tagraíonn damáiste aireachtála don damáiste a dhéantar don tírdhreach agus do chálíocht talún fiáin ag an tionchar amhairc agus láithreacht na gcosán - rud a fhágann go laghdaítear taithí aeistétiúil agus taitneamh iomlán an duine as an timpeallacht.

Ar na cosáin a léiríonn an claoíadh is mó agus is mó fianaise díghrádaithe tá bealaí chuig cinn scribe aitheanta a mheallann go leor daíone mar gheall ar shainiu soiléir an bhealaigh ar an talamh, i.e. inrochtaineacht agus treoshúiomh éasca, poiblíocht nach beag a bhaineann leis an tsiúlídóid nó toisc go n-ainhnítear iad mar an tsiúlídóid áitiúil a bhfuil tóir uirthi sa cheantar, mar shampla, Earagail, Mucais. Ina theannta sin, is féidir le cosáin shaintóngtha nach bhfuil pleánailte, deartha nō tóigh i gceart cur le díghrádú agus meath suntasach comhshaoil. I go leor cásanna tá an cosán tóigha san áit mícheart, cé gur le gach dea-intinn, agus mar sin tá sé ríthábhachtach na prionsabail taobh thiar de céan áit agus conas cosáin a thógáil a thuiscint.

I dteannta le díghrádú cosán, tá saincheisteanna eile atá ina n-údar imní don chomhshaoil, go leor acu atá níos measa mar thoradh díreach ar an méadú ar lón na n-úsáideoirí, ina measc bruscar, salachar madraí, fadhbanna dramhaíola daonna, campáil fiáin agus tinte.

Is príomhileimint den Straitéis seo timpeallacht lasmuigh Dhún na nGall a chaomhnú, a chosaint agus a bhainistiú do na glúnta atá le teacht, agus meas agus taitneamh a bhaint as na hacmhainní seo a spreagadh. Chun a chinntí nach gcuirfear isteach ar shláine chomhshaoil Dhún na nGall, tá na moltaí seo a leanas á moladh.



- Oifigeach Bithéagsúlachta a cheapadh don Chontae
- Tacú le Clár Oiliúna na Straitéis Náisiúnta Caitheamh Aimsire amuigh Faoin Aer (NORS) agus é a ghníomhachtú maidir le infreastreuchtú caitheamh aimsire amuigh faoin aer ardchaighdeáin agus inbhuanaithe a phleanáil agus a fhorbairt – lena n-áirítear cosáin
- Teachtaireacht iompair fhreagraigh an NORS agus an feachtas margáiochta gaolmhar a chur in iúl - atá saindeartha do Dhún na nGall
- Éascú a dhéanamh ar mhonatóireacht comhshaoil ar na príomhshuíomhanna ar fud an Chontae.
- Méadú agus comhordú a dhéanamh ar shonraí áiritheoirí cuairteoirí ar fud an Chontae

### **8.2.1 Oifigeach Bithéagsúlachta a cheapadh**

Chun fhorbairt caitheamh aimsire faoin aer a threorú, agus chun cabhrú lena chinntíú go ndéanann moltaí forbartha caitheamh aimsire amuigh faoin aer iarracht cálíocht chomhshaoil thírdhreacha agus uiscedhreacha Dhún na nGall a fheabhsú agus a chosaint, moltar go bhfostódh CCD Oifigeach Bithéagsúlachta. Oibreoidh an tOifigeach seo thar Stiúrthóireachtaí uile na Comhairle ag chinntíú go gcloítear leis na próisis chuí do gach tionscadal caitheamh aimsire amuigh faoin aer, agus lena chinntíú go bhfuil na bearta riachtanacha i bhfeidhm chun cosaint agus taitneamh leanúnach na timpeallachta faoin aer a éascú mar shampla, trí Scagadh agus Measúnacht Chuí (AA), de réir mar is gá. Is é cuspóir an AA a fháil amach cé acu an dóigh

go mbeidh tionchar suntasach ag pleán nó tionscadal ar leith ar Natura 2000, ina aonar nó i gcomhcheangal le pleannana nó tionscadail eile.

Tabharfaidh ceapachán Oifigeach Bithéagsúlachta aitheantas do luach agus tábhacht chomhshaoil Dhún na nGall agus féachfar le treoir agus eolas a thabhairt do na heagraíochtaí sin atá ag obair le caithimh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall trí chomhairle agus treoir a sholáthar maidir le forbairt chuí ar chaithimh aimsire faoin aer sa Chontae. Agus an oiread sin den Chontae ina limistéar ainmnithe caomhnaithe, beidh ról tábhachtach ag an Oifigeach sin sa Ghrúpa Oibre Caitheamh Aimsire amuigh faoin Aer atá beartaithe ag cinntíú go mbeidh léirthuisceint agus tuiscint athnuaithe ag gach duine atá ag an mbord a fhobaironn caithimh aimsire amuigh faoin aer ar éagsúlacht uathúil agus fogaireacht na dtírdhreach agus na n-uiscedhreach glactha agus go bhfuil siad go hiomlán feasach agus léirthuisceanach ar a bhfreagrachtaí ag cinntíú forbairt inbhuanaithe leanúnach an chomhshaoil.

### **8.2.2 Tacú le clár oiliúna NORS agus é a ghníomhachtú maidir le hinfreastreuchtú caitheamh aimsire amuigh faoin aer d'ardchaighdeáin agus inbhuanaithe a phleanáil agus a fhorbairt – lena n-áirítear cosáin**

Mar gheall ar léirthuisceint athnuaithe ar áilleacht ár saol amuigh faoin aer, agus an méadú leanúnach ar líon na gcuairteoirí dá bharr, tá comharthaí ann go bhfuil go leor suíomhanna caitheamh aimsire ar fud an Chontae ag dul thar a n-acmhainn iompair caitheamh aimsire. Is é an léiriú is soiléire air seo ná cosáin a bhfuil

droch-chreimeadh orthu, úsáid mianlínte, srutharlú cosán etc, atá le feiceáil go háirithe i gceantair fogaire agus ardtalún. I bhformhór na gcásanna is de bharr easpa tuisceana nó easpa eolais ar conas rianta inbhuanaithe a phleanáil, a dheardadh agus a thógáil i dtírdhreacha fogaire a rinneadh an damáiste.

Chuige seo, beidh sé éigeantach dóibh siúd a fhaigheann cúnamh deontais le haghaidh pleánáil, dearadh agus tógáil conairí a bheith i láthair ar shainchúrsaí oiliúna a bheidh mar bhonn eolais d'fhorbairt na gconairí arna bhforbairt ag NORS. Bainfidh sé sin le hOifigigh na Comhairle, Cuideachtaí Forbartha, grúpaí pobail áitiúla agus gach duine a oibríonn laistigh de réimse an tsoláthair cosáin caitheamh aimsire faoin aer.

Teastaíonn oiliúint freisin dóibh siúd a bhfuil baint acu le himeachtaí a eagrú, a chur chun cinn agus a mhaoiniú a bhaineann go sonrach le caitheamh aimsire amuigh faoin aer, ag cruthú feasachta agus tuiscint ar an damáiste comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann agus imeachtaí a chur i bhfeidhm i limistéir fogaire, ag aithint an phróisis chuí atá le leanúint agus imeachtaí á n-eagrú e.g. scagadh agus críochnú AA de réir mar is gá, agus tuiscint a chothú ar bhealaí chun damáiste féideartha a mhaolú. Tá sé ríthábhachtach treoir Fháilte Éireann a chur in iúl agus tacú léi agus imeachtaí lasmuigh á óstáil laistigh de shuíomhanna tírdhreacha ar leith chun caidreamh dearfach a chothú, feasacht comhshaoil a ardú agus a chinntíú go mbeidh imeachtaí taitneamhach agus inbhuanaithe amach anseo.





### **8.2.3 Teachtaireacht iompair fhreagraigh NORS agus an feachtas margaochta a bhaineann leis a chur in iúl – atá saindeartha do Dhún na nGall**

Cé go bhfuil sé d'aidhm ag an Straitéis seo úsáid níos mó a bhaint as an taobh amuigh a spreagadh ag raon níos éagsúla úsáideoirí, ag cur san áireamh na buntáistí suntasacha a bhaineann le ranpháirtíocht i gcaithimh aimsire amuigh faoin aer, admhaítear, áfach, go dtugann ranpháirtíocht mhéadaithe, go háirithe lucht féachana nua nach bhfuil cur amach acu ar an timpeallacht lasmuigh, dúshláin shuntasacha d'úinéirí talún agus do bhainisteoirí talún. Le blianta beaga anuas, tá níos mó daoine ná riamh

ag baint taitneamh as am a chaitheamh amuigh faoin aer i nDún na Gall. Toradh air seo faraor, ná easpa cúraim ag suíomhanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer. Ar na fadhbanna a bhaineann leis seo tá níos mó bruscair agus salachar madraí, camras agus binn fadhbanna le tinte campa le campáil agus le páirceáil. Moltar go dtabharfaí tacaíocht do theachtaireacht NORS ar iompar freagrach a chur in iúl, a bheidh in oiriúint go sonrach do Dhún na nGall ag taispeáint samplaí sonracha de dheachleachtas agus de dhroch-chleachtas, agus ag baint leasa as an gcomhthaobhacht an-saibhir atá ann cheana féin d'fhéiniúlacht bhranda Dhún na nGall.



### **8.2.4 Monatóireacht Timpeallachta ar Shuíomhanna Caitheamh Aimsire ar fud an Chontae a éascú**

Tá comharthaí díghrádaithe timpeallachta á dtaispeáint ag go leor de shuíomhanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer Dhún na nGall mar gheall ar ghníomhaíocht mhéadaithe dhaonna chomh maith le cúiseanna nádúrtha agus go háirithe athrú aeráide. Beidh sé tábhachtach uaidh seo amach monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide ar phríomhshuíomhanna caitheamh aimsire ar fud an Chontae mar Pháirc Foraíse na hArdadh, Páirc Náisiúnta Gleann Bheatha, Earagail, Mucais, Cionn Mhálanna, Slíabh Liag etc.

Beidh timpeallacht níos sláintíúla, nach bhfuil chomh díghrádaithe, agus taithí níos taitneamhádon úsáideoir mar thoradh ar monatóireacht ar dhíghrádú de bharr cúiseanna nádúrtha agus gníomhaíocht caitheamh aimsire mhéadaithe aaron.

### **8.2.5 Méadú agus Comhordú a dhéanamh ar Shonraí Áiritheoirí Cuirteoirí Reatha ar fud an Chontae**

Tá sé ríthábhachtach sonraí láidre agus cruinne a thiomsú agus a cheistiú, amhail líon na ndaoine a thugann cuairt ar shuíomhanna caitheamh aimsire nó a úsáideann conairí, ní hamháin chun treoir a thabhairt maidir le dea-chleachtais bhainistíochta cuirteoirí ach freisin chun eolas a thabhairt agus soilíriú a dhéanamh ar chaiteachas leanúnach a bhaineann le caithimh aimsire amuigh faoin aer. Is príomh-chomhábhar í an fhianaise chun ‘toradh sóisialta ar infheistíocht’ a shamhadtú, trína bhféadfaidh úinéir láithreáin a rá go bhfuil fáltas

x€ i dtéarmaí luach sóisialta in aghaidh gach € a infheistítear sa láithreán.

Tá áiritheoirí coisithe ag láithreacha caitheamh aimsire/cosáin ar fud an Chontae corrach, agus tá córas cuimsitheach i bhfeidhm ag roinnt suíomhanna e.g. Leibhéal na hInse tríd an tionscadal Trail Gazer, cé go bhfuil an soláthar teoranta nó in easnamh ag suíomhanna eile. Is beag comhordú ná roinnt sonraí fiúntach atá ar siúl faoi láthair i measc úinéirí suímh a bhailíonn na sonraí le daoine eile a bhfuil baint acu le caithimh aimsire amuigh faoin aer ar fud an Chontae.

Déanfaidh an Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer nua comhordú ar shonraí ar fud an Chontae, atá á mbailíú go difriúil faoi láthair ag páirtithe leasmhara éagsúla, agus cuirfidh sé na tortaí faoi bhráid an Choiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer gach bliain. Spreagfaidh an Comhordaitheoir clár monatóireachta cuirteoirí níos leithne freisin trí fhaisnéis agus sonraí a sholáthar ar shonraíocht na n-áiritheoirí éagsúla atá ar fáil agus trí chuidíú le tionscnóirí tionscadail taighde a dhéanamh ar a n-áiseanna ar nós toradh sóisialta na hinfheistíocha a ríomh. Cuirfear áiritheoirí cosáin isteach mar ghnáthchúrsa le linn fhorbairt aon tionscadal nua caitheamh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall.



## Téama 3 | Áiseanna agus Seirbhísí Cuartaíochta



**Cuspóir: Chun taithí agus deiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer a bheidh ar ardchaighdeán, inrochtana, taitneamhach agus inbhuanaithe trasna an Chontae a chur ar fáil, le tacaíocht ó áiseanna seirbhísí cuartaíochta más cuí.**

Soláthraíonn tírdhreacha agus uiscedhreacha éagsúla Dhún na nGall saibhreas deiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer faoi láthair. As na 22 gníomhaíocht atá laistigh den sainmhíniú ar caitheamh aimsire faoin aer, is eol go dtarlaíonn 20 ar fud Dhún na nGall ar thalamh atá faoi úinéireacht nó faoi bhainistiú Coillte, lascach Intíre Éireann, SPNF, Gníomhaireacht na Lochanna, CCD agus úinéirí talún príobháideacha. Tá ról bunúsach fíorluachmhar ag úinéirí talún príobháideacha maidir le rochtain a sholáthar ar go leor de dheiseanna siúlóide Dhún na nGall, go háirithe na Bealaí Náisiúnta Slímharcáilte atá ar fad sa cheantar.

Tá ról na ngrúpaí pobail áitiúla riachtanach agus bunúsach do sholáthar deiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud Dhún na nGall. In go leor ceantar tá na grúpaí seo i gceannas ar fhorbairt caitheamh aimsire amuigh faoin aer agus ar bhainistiúch agus ar chothabháil leanúnach na n-áiseanna seo.

Tá na deiseanna reatha caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud Dhún na nGall sainithe ag Outdoor Recreation NI mar:

- Íocónach
- Inaithanta
- Moil ghníomhaíochta
- Moil phobail
- Conairí Pobail

Is éard atá i gceist le íocónach ná deiseanna agus taithí caitheamh aimsire amuigh faoin aer atá ina bpromhthiománaithe do chuaiteoirí

idirnáisiúnta agus intíre ar nós an International Appalachian Trail agus an rotharbhealach Eurovelo, agus tagraíonn inaithanta do dheiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer a d'fhéadfadh a bheith mar chuid lárnach de chlár taistil níos leithne cuairteoirí idirnáisiúnta agus iad ar cuairt ar an gContae e.g. siúlóid aillte Shliabh Liag, Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, Cionn Mhálanna. Tarraingíonn deiseanna inaithanta caitheamh aimsire amuigh faoin aer go mór freisin do chuaiteoirí baile agus don phobal áitiúil ar mian leo iniúchadh a dhéanamh go hócáideach agus ceangal a dhéanamh leis na tírdhreacha sainiuila agus uiscedhreacha áitiúla.

Tagraíonn moil ghníomhaíochta do shuíomhanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer, le cnuasach gníomhaíochtaí agus tacú le seirbhísí cuairteoirí laistigh de limistéar teoranta mar shampla, páirc foraoise nó trá. Cé go n-úsáideann muintir na háite go príomha iad, meallann siad líon mór cuairteoirí de ghnáth le linn tréimhsí saoire mar shampla Páirc Foraoise na hArdaigh, trá na nDúnaibh, Bá Dhún na nGall, Loch Feabhl. Tagraíonn moil phobail do shuíomh caitheamh aimsire amuigh faoin aer a sholáthraíonn rochtain do phobail áitiúla go príomha ar spás glas agus gorm ar ardchaighdeán a chuireann ar chumas cónitheoirí a bheith níos gníomhaí, rud a fheabhsaíonn sláinte agus folláine agus comhtháthú pobail. De ghnáth bíonn deis acu páirt a ghlaicadh i níos mó ná gníomhaíocht amháin e.g. Coill Chorr an Mhadaidh, Dhoim Bó. I measc go leor de na moil phobail seo tá cosáin phobail, is é sin, cosáin siúlóide a sholáthraíonn deiseanna caitheamh aimsire

amuigh faoin aer sábháilte 'ar leac an dorais' ag leibhéal an phobail e.g. Coill Dhún Taithligh, Coill Ráth Maoláin.

Tá deiseanna ann i nDún na nGall áiseanna nua caitheamh aimsire amuigh faoin aer agus seirbhísí cuairteoirí a fhorbairt, agus áirítear leis na moltaí caitheamh aimsire amuigh faoin aer a chur i bhfeidhm a áirítear i bpleannanna eile atá sainiuil don láithreán/náisiúnta don cheantar, an 'cháilíocht' agus an tairiscint atá ar fáil ag láithreacha/cosáin caitheamh aimsire amuigh faoin aer atá ann cheana féin a leathnú agus a ardú i mórán cásanna agus áiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer nua a fhorbairt do na baill sin den phobal nach bhfuil dóthain soláthair déanta dóibh faoi láthair.

Tá an gá atá le haon idirghabháil a dhéanamh go híogair agus go hinbhuanaithe chun a chinntíú go ndéantar an acmhainn a sholáthraíonn deiseanna caitheamh aimsire agus sult a chosaint agus a bhainistiú go cuí, mar chuid bhunúsach d'aon fhorbairt caitheamh aimsire amuigh faoin aer amach anseo, mar a dtagraítear dó faoin téama Sláine Comhshaoil. Ina theannta sin, déanfar aon fhorbairtí nua a chosaint don todhchaí chun rochtain a éascú do chách, ag cur ar chumas an oiread daoine éagsúla taitneamh a bhaint as a bheith amuigh faoin aer i nDún na nGall.



- Chun cabhrú leis an téama seo den Straitéis a chur i bhfeidhm, moltar na moltaí seo a leanas:
- Tacú le NORS agus le Pleananna/Straitéis atá ann cheana féin go háirithe maidir le soláthar caitheamh aimsire amuigh faoin aer.
  - Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar thairiscint na seirbhísí cuairteoirí ag láithreacha caitheamh aimsire amuigh faoin aer.
  - Breathnú ar raon roghanna maidir le bainistiú agus cothabháil láithreacha caitheamh aimsire amuigh faoin aer amach anseo.
  - Straitéis Bealaigh Ghais a ullmhú don Chontae
  - Pleananna Conairí Pobail a ullmhú do gach CB



- Máistirphleananna Caitheamh Aimsire a ullmhú do láithreacha ar leith
- Tabhairt faoi Staidéar Féidearthachta Conairí Uiscebhunaithe agus Gormbhealaí do láithreacha ar leith
- Tabhairt faoi Staidéar Scóipe ar sholáthar atá dírithe ar Theaghlaigh
- Tabhairt faoi Staidéar Scóipe don rothaíocht sléibhe
- Conair Siúl an Atlantaigh Fhiáin a fhorbairt

### **8.3.1 Tacaíocht a thabhairt do NORS agus do Phleananna/Straitéisí reatha don Chontae**

D'fhoilsigh Rialtas na hÉireann an Straitéis Náisiúnta Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer d'Éirinn, 'Embracing Ireland's Outdoors' i mí na Samhna 2022. Ina theannta sin, tá roinnt straitéisí agus pleananna ann cheana féin nó beagnach críochnaithe ar fud an Chontae a chuimsíonn moltaí a bhaineann le pleanáil, forbairt, bainistíocht agus cothabháil caitheamh aimsire lasmuirí i limistéir/suíomhanna ar leith agus lena n-áirítear Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, Inis Eoghain, Cionn Mhálanna, Droim Bó, Loch Feabhail agus a chraobh-aibhneacha, Oileán Árainn Mhór, Páirc Foraoise na hArdaigh, Inis Trá Tholl, Cosán Oilithrigh Shliabh Liag agus Earagail.

Cuirfear tacáíocht ar fáil trí an gCoiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer chun moltaí na straitéisí agus na bpleananna seo, agus cinn eile a thagann ar bord laistigh d'ámscála na Straitéisí seo, a chur i bhfeidhm, ar choinníoll go gcloíonn na moltaí le prionsabal na hinbhuanaitheacha comhshaoil.

### **8.3.2 Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar thairiscint na seirbhísí cuairteoirí ag láithreacha caitheamh aimsire amuigh faoin aer**

Aithnítear go bhfuil sé dodhóanta go praiticíúil agus ó thaobh airgeadais de na seirbhísí cuairteoirí ar mian le húsáideoirí caitheamh aimsire a fheiceáil ag gach láithreán caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud an Chontae a sholáthar. Mar sin féin, mar gheall ar an dlúthbhaint mhéadaitheach idir seirbhísí agus an taitneamh a bhaineann cuairteoirí as a bheith amuigh faoin aer, beidh sé ina cuid lárnach do thodhchaí an tsoláthair caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud Dhún na nGall, caighdeán na suíomhanna seanbhunaithe caitheamh aimsire a ardú.

Airítear mar shampla feabhas a chur ar cháilíocht agus ar thairiscint na láithreán atá ann cheana féin, feabhas a chur ar chomharthaíocht treorach chuiig an láithreán, fáiltíú roimh chuaireoirí, painéil chinn conaire, cláir faisnéise, marcáil bealaigh agus léirmhíniú, agus feabhas a chur ar cháilíocht bhoneagar an tsuímh, go sonrach dromchláí conairí, páirceáil leithris agus áiseanna lónadóireachta.

Teastóidh tuiscint ar ghrúpaí úsáideoirí reatha an tsuímh lena n-áirítear teaghlaigh, daoine faoi mhíchumas, tóir an tsuímh, inrochtaineacht an tsuímh agus cóngaracht do sheirbhísí eile comhchosúla chun seirbhísí nua cuairteoirí a thabhairt isteach chuiig láithreacha caitheamh aimsire mar leithris, áiseanna feitis, páirceáil agus áiseanna lónadóireachta etc.

Cibé an gcuirtear feabhas ar shuíomh i dtéarmaí cáilfochta, nó má fhorbraítear seirbhís nua do chuaireoirí, ba cheart machnamh a dhéanamh i gcónaí ar fhreastal a dhéanamh ar raon chomh leathan d'úsáideoirí agus is féidir, ag ciintiú go bhfuil an obair ar fad bául don tírdhreach nō don suíomh uiscedhreach ina bhfuil sé curtha i gcrích, agus go seachnaítear ró-innealtóireacht.

Moltar go ndéanfadh bainisteoíri caitheamh aimsire iniúchadh mion ar líon comhaontaíte láithreán/rianta ar bhonn bliantúil rollach, agus go gcuirfi na tortaí ar aghaidh chug an gCoiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer chun tosaíocht a thabhairt do shuíomhanna le haghaidh athnuachan sócmhainní, cothabháil leanúnach a threorú agus caiteachas caipítil ar sheirbhísí cuartaíochta.

Ba cheart túis aíte a thabhairt ar dtús do na príomhshuíomhanna sin a sainaithníodh trí chomhairliúchán mar aíteanna nach bhfuil dóthain soláthar seirbhíse do chuaireoirí iontu i gcoibhneas leis an leibhéal gníomhaíochta atá ar siúl ag gach láithreán mar shampla, Páirc Foraoise na hArdaigh, Cosán an Oilithrigh, Sliabh Liag agus tránná an Bhrait Ghorm mar shampla, Port an tSalainn, Cnoc an Mharmair, An Charraig Finn etc

Riachtanas tábhachtach maidir le seirbhísí cuartaíochta d'úsáideoirí caitheamh aimsire a thagann go Dún na nGall ná lóistín cuí a bheith ar fail dóibh. Teastaíonn taighde margaidh, réamh-mheastachán airgeadais agus infheistíocht den chuid is mó ón earnáil phríobháideach chun raon agus cáilfocth na seirbhísí círóchta atá ar fail ar fud an cheantair a leathnú e.g. faighneoga campála, glampáil chomh maith le limistéir seirbhísí.

### 8.3.3 Measúnú a dhéanamh ar na roghanna chun bainistíocht agus cothabháil inbhuanaithe láithreacha caitheamh aimsire amuigh faoin aer a chinntíú amach anseo

Gan dabht is é an dúshlán is mó atá roimh thodhchaí caitheamh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall, mar a ithníodh sa phróiseas comhairliúcháin, ná bainistiú agus cothabháil leanúnach na suíomhanna/cosán atá ann cheana féin. Ní mór do na páirtithe leasmhara go léir a bhfuil baint acu le soláthar caitheamh aimsire amuigh faoin aer a chinntíú gur cheart go ndíreodh an bhéim atá ar mhaoiniú caipitil ar chothabháil agus ar athnuachan an infraestructúr caitheamh aimsire amuigh faoin aer atá ann cheana féin, chomh maith le hinfraestructúr nua agus breise a fhorbairt. Ina theannta sin, ba chóir an bhéim ar mhaoiniú caipitil a dháileadh go cothrom ar infraestructúr pobail áitiúil e.g. conairí pobail, chomh maith le infraestructúr straitéiseach e.g. cosáin agus gníomhaiochtaí eachtraíochta i bPáirc Foraoise na hArdagh, Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus Droim Bó.

Chun cabhrú le dul i ngleic le bainistiú agus cothabháil leanúnach na láithreán lasmuigh, moltar go ndéanfadh CCD iniúchadh ar bhonn tras-stiúrthóireachta chun scrúdú a dhéanamh ar an ról atá ag grúpaí pobail áitiúla agus eagraíochtaí tacaíochta pobail faoi láthair i mbainistíocht agus i gcothabháil an bhoneagair caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud an Chontae amach anseo. Tá socruthe i bhfeidhm cheana féin ag CCD le roinnt grúpaí pobail chun áiseanna a bhainistiú agus a chothabháil e.g. Cionn Mhálanna. Soláthroidh an cleachtadh

seo tuilleadh soiléireachta a chuirfidh eolas ar fáil do na socruthe rialachais cuí le Comhaontú Leibhéal Seirbhísé nō Meabhrán Tuisceana, a sholáthroidh soiléireacht maidir le ról agus freagrachtaí agus pacáistí luach saothair, de réir mar is cuí.

### 8.3.4 Straitéis Bealaigh Glais a ullmhú don Chontae

Treoróidh na hullmhúcháin a dhéantar maidir le Straitéis Bealach Glas do Dhún na nGall an fhorbairt straitéiseach a dhéanfar ar infraestructúr na mBealach Glas ar fud an Chontae.

Tá obair ar siúl ar fud an Chontae faoi láthair maidir le Bealaí Glasa a fhorbairt, gan creat straitéiseach. Tá sé deacair mar sin an fhís fhadtéarmach do Ghlasbhealaí Dhún na nGall a thuisint agus mar thoradh air sin tá ionchais ró-uallmhianacha ann maidir le forbairt amach anseo i gceantair áirithe. Tabharfar soiléireacht a bhfuil géaraghá léi maidir le sainmhíniú ar Ghlasbhealach agus an difríocht shuntasach idir é agus cosáin caitheamh aimsire eile ó thaobh méide, scála, scóipe, teicnící tógála agus impleachtaí maoinithe de trí Straitéis Ghlasbhealaigh a fhorbairt. Mar chuid d'fhorbairt Straitéis Bealaí Glasa, breathnófar ar na 'naisc in easnamh' i moladh Bealaí Glasa reatha na Comhairle a thabhairt chun críche agus an poitéinseal chun na príomhchónáma droma Bealaí Glasa a nascadh le bailte agus sráidbhailte in aice láimhe agus láithreacha caitheamh aimsire eile trí líonra de chosáin phobail.

### 8.3.5 Pleananna Conairí Pobail a ullmhú do gach CB

Leagadh béim le blianta beaga anuas, ar a thábhachtaí is atá sé go mbeidh cosáin áitiúla ar fáil do dhaoine ina gceantair féin. Cruthaíonn Conairí Pobail 'mothú pobail' chomh maith le feabhas a chur ar thorthaí sláinte agus folláine na ndaoine a úsáideann iad. Cé go bhfuil deiseanna siúlóide 'ar leac an dorais' teoranta pobail i gceantair áirithe ar fud Dhún na nGall, déantar freastal maith ar chinn eile, agus d'fhéadfadh go gcuirtear ró-sholáthar ar fáil do chuid eile, toisc go n-oibríonn grúpaí pobail aonair ina n-aonar gan a bheith ar an eolas faoina bhfuil ar siúl ag grúpa comharsanachta. Chun eolas a thabhairt do chomhdhlúthú na gconairí atá ann cheana féin agus d'fhorbairt straitéiseach na gconairí pobail amach anseo, moltar Plean Conairí Pobail a fhorbairt do gach Ceantar Bardasach. Tá Plean Conairí Pobail ag dul ar aghaidh faoi láthair laistigh de Cheantar Bardasach Dhún na nGall le tacaíocht ó Chomhaltaí an Cheantair. Cinnteoidh an Plean Conairí Pobail an gá atá le forbairt conairí amach anseo bunaithe ar pharaiméadair mar ghaireacht don daonra, fad go spás glas atá ann cheana féin, rannchuidiú féideartha le tairiscint níos leithne do chuaireoír trí líonra conairí pobail agus tosaíocht do mhaoiniú amach anseo do chosáin.



### 8.3.6 Máistirphleananna Caitheamh Aimsire a ullmhú do Láithreacha Sonracha

Uirlis riachtanach is ea Máistirphleananna Caitheamh Aimsire chun eolas a chur ar fáil d'fhobairt inbhuanaithe limistéir ar leith agus ar an gcaoi sin íoslaghdú a dhéanamh ar fhobairt ad hoc, de réir a chéile, agus a chinntí gur féidir leis an tairiscint deiridh freastal ar riachtanais agus ar ionchais na n-úsáideoirí deiridh agus ar an gcaighdeán cállochta a bhfuiltear ag súil leis. Teastaíonn cleachtas comhoibritheach le compháirtithe eile chun cur chuige níos straitéisí a ghlacadh i leith caitheamh aimsire lasmuigh. Aithníodh roinnt limistéar a bhainfidh leas as cur chuige den sórt sin chun cabhrú leis an táirge caitheamh aimsire lasmuigh atá ann cheana a chomhdhlúthú agus a fheabhsú mar bhunús le soláthar agus ranpháirtíocht a mhéadú e.g. Loch Finne – Dorchla Abhainn na Finne, Loch an Troisc agus a phurláin níos leithne, Na Cealla Beaga ó thuaidh agus an ceantar níos leithne, Bearna an Bhearnais Mhór agus Carraig Mhic Uidhilín/Carn Domhnach. Moltar Máistirphleananna Caitheamh Aimsire



do gach ceann de na ceantair seo agus forbrófar iad i gcompháirtíocht leis an bpobal áitiúil.

### 8.3.7 Conairí uiscebhunaithe agus Staidéar Féidearthachta Gormbhealaigh a dhéanamh do Láithreacha Sonracha

Soláthrófar tuilleadh soiléireachta agus fainseáise ina sainaithneofar an difríocht idir Gormbhealaigh agus Conairí Uisce e.g. cosáin canú, cosáin snorcallaithe etc an sainmhíniú ar an dá cheann agus na critéir nach mór a chomhlíonadh chun go n-ainmneofar iad mar cheann amháin nó an ceann eile. Bunaithe ar chomhairlúchán, moltar go ndéanfaí staidéar féidearthachta ar cheithre uiscedhreach le fáil amach an bhfuil an poiténseal ann deiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar an uisce a fhobairt ag gach ceann acu go leor chun an sainmhíniú agus na critéir Conairí Uisce agus Gormbhealaí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa doiciméadú arna dtáirgeadh ag Spórt Éireann, Fáilte Éireann, Uiscebhealaí Éireann, Tourism NI agus Sport NI. I measc na gceithre

limistéar atá le breithniú tá Cuan Dhún na nGall, Cuan na Maoile Ruaidhe, Loch Feabhail agus leithinis Loch Súilí/Inis Eoghain.

### 8.3.8 Tabhaint faoi Staidéar Scóipe ar Sholáthar Teaghlaichbhunaithe

Tá iliomad gníomhaíochtaí ar an uisce, dírithe ar thránná iomadúla an Chontae, ar fáil do theaghlaigh ar fud an Chontae faoi láthair chun taitneamh a bhaint astu. Mar sin féin, tá an tairiscint atá dírithe ar theaghlaigh lag do ghníomhaíochtaí ar an talamh, go háirithe le haghaidh cosáin rothaíochta shábháilte easbhóthair, pumpraonta agus gníomhaíochtaí eachtraíochta. Cé go gacbhróidh forbairt na nGlasbhealaí molta le dul i ngleic leis an easnamh i ndeiseanna rothaíochta easbhóthair, ba cheart deiseanna gearrthéarmacha a fhiosrú agus tacú leo, go háirithe ag na suíomhanna sin a bhfuil soláthar caitheamh aimsire amuigh faoin aer á thairiscint acu cheana féin chomh maith le suíomhanna nua a iniúchadh. Fáiltítear roimh fhobairt amhail an pumpraon in lonad Eachtrafochta Ghartáin, an pumpraon nua atá á fhobairt faoi láthair i Leitir Ceanainn agus an limistéar gníomhaíochtaí eachtraíochta molta nua i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, mar sin féin moltar go ndéanfaí coimisiúnú ar Staidéar Scóipe ar fud an Chontae ag iarraidh sainaithint a dhéanamh ar chúrsaí láithreáin oriúinacha a d'fhéadfadh freastal ar fhobairt caitheamh aimsire amuigh faoin aer atá dírithe ar theaghlaigh. Ní hamháin go mbreathnódh Staidéar dá leithéid ar shaincheisteanna mar infhaighteacht talún, breithniú ar bhainistíocht agus chothabhláil sa todhchaí etc, ach níos tábhactaí freisin measúnú ar riachtanas bunaithe ar dhaonra ceantair agus go háirithe próifil dhéimeagrafach an cheantair.



### 8.3.9 Tabhairt faoi Staidéar Scóipe d'Ionad Rian Rothar Sléibhe

Níl aon ionad foirmiúil cosán rothaíochta sléibhe sa Chontae faoi láthair agus níl aon phlean ag Coillte, atá i gceannas ar fhorbairt Ionad Rothar Sléibhe na hÉireann, ionad cosán rothar sléibhe a fhorbairt i nDún na nGall. Mar thoradh air sin, fágann rothaithe sléibhe an Contae le dul ag rothaíocht in áit eile, agus tá an t-ionad cosáin is gaire suite i gCúil Aodha, i Sligeach nó i nGleannach an Ghoirtín san Ómaigh. Gan aon soláthar foirmiúil rothaíochta sléibhe, aithníodh trí chomhairliúchán go bhfuil rothaíocht sléibhe neamhcheadaithe ar siúl ag go leor áiteanna ar fud an Chontae, lena n-áirítear Coill Chorr an Mhadaidh, Páirc Foraoise na hArdaigh, ceantar Ghartáin/Chnoc na hEaglaise agus an ceantar thart ar Loch as Allt.

Tá Coillte sásta le pobail a bheith ag teacht ar aghaidh le tograí, agus iad seo á measúnú i gcoinne roinnt critéar lena n-áirítear an tionchar airgeadais ar fhoraoiseachtráchtála agus an tionchar ar an gcomhshaoil. Chuaign go leor clubanna chuir Coillte roimhe seo maidir le láithreán rothair sléibhe a fhorbairt, ach ba cheart go mbeadh aon mholadh forbartha amach anseo ar scóip agus ar scála atá tarraingteach do raon cumas marcaíochta. Léiríonn fianaise ó Thuaisceart Éireann gurb iad na hionaid rian rothar sléibhe is mó a bhfuil tóir orthu ná na cinn a forbraíodh le teaghlaigh i gcuimhne. Moltar don Chontae Staidéar Scóipe chun na príomh-mhargaí úsáideoirí rothar


sléibhe a chinneadh, mar shampla teaghlaigh, díograiseoirí, enduro, agus síos cnoc, sainaithint factóirí ríthábhachtacha ratha bunaithe ar an margadh, suíomhanna féidearthacha le haghaidh forbartha agus breithniú ar an mbainistíocht leanúnach, freagrachtaí cothabhála agus dliteanais na soláthraithe seirbhíse.

### 8.3.10 Conair Siúl an Atlantaigh Fhiáin a fhorbairt

Tá neart deiseanna siúil ag Dún na nGall ó chonairí pobail go cosáin chian-achair, agus tá an deis ann a bheith, má fhorbraítear iad, mar chuid shuntasach den tsiúlódí is aitheanta in Éirinn - Conair Siúl Shlí an Atlantaigh Fhiáin (WAWWT). Bheadh an chonair WAWWT ina phríomhspreagadh ag mealladh cuairteoirí idirnáisiúnta agus intíre agus chuirfeadh sé leis an tairiscint atá ann cheana féin, ag tabhairt cúiseanna breise do chuaireoirí teacht go Dún na nGall agus ceiliúradh a dhéanamh ar na tírdhreacha uathúla atá ar fáil. Agus an cósta is faide in Éirinn ag 1132km agus dá bhrí sin an stráice is faide de Shlí an Atlantaigh Fhiáin, thabharfadh forbairt WAWWT buntáiste eacnamaíoch suntasach do phobail Dhún na nGall. Aithnítear gur mian fhadtéarmach í an Rian seo, le go leor dúshlán go háirithe maidir le comhaontuithe rochtana. Táthar ag súil freisin nach ndéanfar dul chun cinn i dtreo na físe fadtéarmaí go deo ach amháin trí shiúlódí gearra cósta a fhorbairt agus iad seo a nascadh le chéile. Chuige seo moltar go leor staidéar féidearthacha ar leith ar chodanna beaga den

chósta a bhfuil tarraingt faigthe cheana féin nó ar comhaontaíodh rochtain i bpriónsabal chun cinn. I measc na réimsí tosaíochta a scrúdaíonn roghanna féidearthacha tá leithinis Inis Eoghain agus an ceantar ó Bhaile Dhún na nGall go dtí an Calafort ag dul thar na Cealla Beaga, Gleann Cholm Cille, Sliabh Liag. Cabhróidh an cur chuige seo leis na háiseanna caitheamh aimsire atá ann cheana féin a nascadh le forbairtí nua turasóireachta e.g. Sliabh Liag, Dún Rí, Cionn Mhálanna, Ceann Fhánada.

Is í an tsiúlódí an ghníomhaíocht caitheamh aimsire is mó a dhéantar i nDún na nGall agus ó tharla go bhfuil Rathúlacht fhormhór na siúlódí i nDún na nGall ag brath ar dhea-thoil na n-úinéirí talún príobháideacha, tá sé ríthábhachtach go dtabharfar tacáiocht leanúnach d'úinéirí talún atá ann cheana e.g. trí ranpháirtíocht sa Scéim Siúlódí, arna riarradh ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. I measc na siúlódí atá sa Scéim faoi láthair tá Bealach na gCruach Gorm agus Cosán Oillithreach Shliabh Liag. Ar an drochuair tá rochtain caillte cheana féin ar chuid de na ceantair siúil is áille i nDún na nGall agus mar sin tá sé riachtanach, nuair a aithnítear cosáin siúil straitéisearcha, go gcuirí iarratais isteach le bheith san áireamh sa Scéim Siúlódí le comhaontú na gcomhpháirtithe cuí.





## Téama 4 | Ionchuimsitheacht



**Cuspóir: Le bheith cinnte go bhfuil gach duine in ann páirt a ghlacadh agus go motháonn siad go bhfuil fáilte rompu amuigh faoi aer i nDún na nGall.**

Tá sé doiciméadaithe go maith gur féidir le rannpháirtíocht i gcaithimh aimsire faoin aer cur go mór le folláine mhothúchánach, mheabhrach agus fhisiciúil an duine agus dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go mbeidh oiread daoine agus is féidir in ann taitneamh a bhaint as an taobh amuigh agus na buntáistí a bhaineann le hamhlaidh a dhéanamh. Mar sin féin, tá bearna shuntasach ar fud Dhún na nGall i leibhéal rannpháirtíochta ó chodanna áirithe den tsochaí, eadhon, mná agus cailín, daoine fásta níos sine, daoine óga, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha, daoine difhhostaithe agus iad siúd ó limistéir ard-riachtanás sósialta. Níl sé seo sainiúil do Dhún na nGall agus tá patrúin comhchosúla le feiceáil ar fud na hÉireann ar fad.

Tá aghaidh á tabhairt ar an difríocht seo cheana féin trí obair Chlár Éire Shláintíúil, Chompháirtíocht Spóirt Dhún na nGall (RCS), Foróige, agus FSS. Ar na bacainní is coitianta ar rannpháirtíocht amuigh faoin aer i nDún na nGall tá easpa muiníne agus spreagtha persanta, an costas coiscteach a bhaineann le trealamh a fhostú le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe, droch-chórás iompair phoiblí ar fud an Chontae, neamh-inrochtaineacht láithreán do dhaoine nach bhfuil chomh cumasach/do dhaoine faoi mhíchumas, áiseanna teoranta talamhbhunaithe lasmuigh do dhaoine óga agus faisnéis mhionsonraithe leordhóthanach ar shuímh ar leith chun cinneadh eolasach a dhéanamh roimh chuairt e.g. dromchla an chosáin, infhaighteacht leithris inrochtana.

Tá moltaí chun dul i ngleic leis an easpa infreastreachtúir ar leith chun níos mó daoine óga agus teaghlaigh a spreagadh chun dul amach agus taitneamh a bhaint as an taobh amuigh san áireamh cheana féin i gcuid 8.3.8 agus tá moltaí i gcuid 8.6 chun lón níos mó ban agus cailín, daoine fásta níos sine, mionlaigh eitneacha a spreagadh agus iad siúd ó limistéir ardriachtanás sósialta chun taitneamh a bhaint as an taobh amuigh. Ina theannta sin, tá teacht ar réitigh ilchodacha ar chuid de na bacainní a chuireann cosc ar chuimsitheacht amuigh faoin aer taobh amuigh de scóip na Straitéis seo, e.g. aghaidh a thabhairt ar chóras teoranta iompair phoiblí Dhún na nGall.

Déanann moltaí sa chuid seo den Straitéis iarracht go sonrach aghaidh a thabhairt ar ghannionadaíocht ó dhaoine nach bhfuil chomh cumasach/faoi mhíchumas agus áirítear leo:

- Tacú le hobair NORS chun rochtain níos fearr a sholáthar ar fhaisnéis faoi chaithimh aimsire amuigh faoin aer trí iniúchadh a dhéanamh ar bhonneagar caitheamh aimsire amuigh faoin aer atá cuimsitheach agus inrochtana
- Iniúchadh ar imeachtaí Parkrun a chur i gcrích go sonrach maidir le hinrochtaineacht
- Tacú le hobair NORS chun rochtain níos fearr a sholáthar ar fhaisnéis faoi chaithimh aimsire amuigh faoin aer trí mhioneolas a sholáthar ag siúmhanna





#### **8.4.1 Tacú le hobair NORS ag soláthar rochtain níos fíorr ar fhaisnéis faoi chaithimh aimsire amuigh faoin aer trí iniúchadh a dhéanamh ar bhonneagar caitheamh aimsire amuigh faoin aer atá cuimsitheach agus inrochtana**

Ar fud Dhún na nGall níl ach líon teoranta suíomhanna a bhfuil rochtain iomlán orthu dóibh siúd nach bhfuil chomh cumasach/faoi mhíchumas.

Soláthraíonn go leor suíomhanna caitheamh aimsire lasmuigh páirceáil do dhaoine faoi mhíchumas agus leithris do dhaoine faoi mhíchumas. Tá saoráid amháin 'Athrú Áiteanna' ar fáil ag trá na Fearthainne a sholáthraíonn taithí lán dínlite leithris agus athraithe dóibh siúd atá faoi mhíchumas trom. Ina theannta sin, soláthraíonn roinnt de thránná an Chontae 'cathaoireacha rothaí trá' (Ráth Maoláin, Na Dúnaibh, An Charraig Fhinn, Cnoc an Mharmair, Ros Neamhlach, Fionn Trá) agus

roinnt eile ag fanacht ar sheachadadh na gcathaoireacha (Cúil Dabchha, Bun Dobhráin 2022).

Ní ráthaíonn na háiseanna thusa, áfach, go mbeidh siad siúd nach bhfuil chomh cumasach/faoi mhíchumas in ann taitneamh a bhaint as an suíomh go gníomhach. Ag suíomhanna áirithe níl an 'turas' ón gcarachlós go dtí an tsaoráid iarbhír ar nós an trá nó cosán siúil inrochtana, e.g., Loch Trusca, ag suíomhanna eile níl na riachtanais seirbhísé cuí do chuaireoirí i bhfeidhm le dul in éineacht le forbairtí reatha e.g. áiseanna ionaid athraithe ag gach trá a thairgeann cathaoireacha rothaí trá e.g., an Charraig Fhinn agus ag áiteanna eile níl an áis inrochtana e.g. cosán siúil. Go minic bónn cosáin siúil ag láithreacha caitheamh aimsire ró-ghéar, mar shampla, chun ligean d'úsáideoir cathaoireach rothaí iad féin a bhrú ar a feadh, ró-chúng chun ligean do dhuine scothaosta, mar shampla, siúl taobh le taobh le duine eile ag tabhairt tacaíochta, nó dromchlaí le hábhar



míchuí, mar shampla, cuireann cloch gharbh deacrachtaí ar fáil dóibh siúd a bhfuil lagamhairs orthu.

Cé go n-aithnítear go bhfuil sé dodhánta rochtain a sholáthar do chách, i ngach áit, tugann an Straitéis seo deis chun túis a chur le dul i ngleic leis na bacainn atá roimh na daoine sin nach bhfuil chomh cumasach/faoi mhíchumas. Chun cur le hinrochtaineacht na láithreacha Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer go léir ar fud an Chontae, moltar, ar bhonn rollach bliantúil, go ndéanfadh bainisteoirí caitheamh aimsire mion-iniúchadh ar líon comhaontaíthe suíomhanna/conairí agus go ndéanfaí na mionathruithe/feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an suíomh a dhéanamh níos cuimsithí do líon níos mó daoine a thaifeadadh. Úsáidfidh an Coiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer torthaí an iniúchta bhliantúil seo chun túis áite a thabhairt do mhaoiníú caiteachais. I measc na n-oibreacha ar féidir a chur san áireamh tá páirceáil carranna, leithris, áiteanna feistis, athruithe ar dhromchla cosáin, leithead cosáin, suíocháin mhéadaithe feedh conaire agus fáisnéis níos mionsonraithe agus níos sainiúla ar phainéil thús na conaire/painéil fáisnéise. Cuirfear an fhaisnéis seo san áireamh freisin sa tionscadal Bunachar Sonraí Digiteach Náisiúnta mar atá leagtha amach in NORS.

#### **8.4.2 Iniúchadh ar imeachtaí Parkrun a chur i gcrích go sonrach maidir le hinrochtaineacht**

Tá coincheap Parkrun ar cheann de na scéalta ratha ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe le deich mbliana anuas, ag spreagadh daoine de gach aois, cumas agus cúlra 5km a rith uair sa tseachtain ina bpáirc áitiúil. Faoi láthair

tá cúig Pháirc Rith in aghaidh na seachtaine ag feidhmiú ar fud Dhún na nGall sa bhFál Carrach, Trá na Fearthainne, An Clochán Liath, Bun Cranncha agus Leitir Ceanainn, agus tá rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar an dara ceann. Chun cuimsitheach Parkrun a mhéadú, moltar iniúchadh inrochtaineachta ar gach Parkrun atá ann cheana fein, leis na tortaí a scaipeadh trí na bealaí cuí, agus breithnítear moltaí chun inrochtaineacht a fheabhsú.

#### **8.4.3 Tacú le hobair NORS ag soláthar rochtain níos fíorr ar fhaisnéis faoi chaithimh aimsire lasmuigh trí mhioneolas a sholáthar do shuímh**

Tá eolas cruiinn, cothrom le dáta agus inrochtana ag aon duine a bhaineann úsáid as an taobh amuigh faoin suíomh ar a dtabharfar cuairt, mar chuid riachtanach de thuras iomlán an chuaireora. Dóibh siúd faoi mhíchumas tá an leibhéal mionsonraí a chuirtear ar fáil níos tábhactaí fós chun cuidiú le cinntí eolasacha a dhéanamh sula bhfágann siad an baile. Moltar tuilleadh comhairliúcháin le raon leathan eagrafochtaí míchumais, chun an leibhéal cuí sonraí a theastaíonn a aithint, agus na haschuir ag cur go díreach le bealaí poiblíochta maidir le caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud an Chontae. Déantar é seo a mheas tuilleadh i gcuid 8.6.

Tacóidh an t-eolas seo leis an tionscadal Bunachar Sonraí Digiteach Náisiúnta mar atá leagtha amach in NORS a fhéachann le fáisnéis mhionsonraithe a bhailiú maidir le céin áit agus conas is féidir le daoine rochtain a fháil ar an taobh amuigh agus ar ghníomhaíochtaí lasmuigh agus le hábhar atá cuimsitheach do gach lucht féachana.



## Téama 5 | Oideachas agus Oiliúint



**Cuspóir: Na scileanna agus an t-eolas riachtanach a thabhairt do gach duine a bhfuil baint acu le caithimh aimsire amuigh faoin aer, anois agus amach anseo, chun a chinntiú go dtugtar taithí caitheamh aimsire amuigh faoin aer inbhuanaithe agus ardchaighdeáin d'úsáideoirí**

Tá oiliúint agus oideachas a chur ar dhaoine atá bainteach go díreach nō go hindíreach san earnáil mar chuid bhunúsach d'fhorbairt inbhuanaithe caitheamh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall amach anseo. Áirítear sa chohort seo úinéirí talún agus bainisteoirí talún a chuireann rochtain ar fáil do ghníomhaiochtaí caitheamh aimsire amuigh faoin aer, iad siúd a bhfuil baint acu le pleánáil, le forbairt agus le soláthar áiseanna ar an talamh agus an earnáil phríobháideach lena n-áirítear soláthraithe gníomhaiochta atá ann cheana féin/sa todhchaí mar shampla, treoraithe siúil, oibreoirí cíosa clár surfála etc agus soláthraithe seirbhísé e.g. úinéirí lóistín agus caiféanna.

Saincheist shuntasach náisiúnta is ea easpa oiliúna agus eolas imleor a thugann eolas d'fhorbairt caitheamh aimsire amuigh faoin aer agus dá réir sin déantar sraith moltaí in NORS a chuir fear i bhfeidhm de réir mar a thagann siad chun cinn. Beidh sé ina phríomhról don Chomhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer tacaíocht a chur in iúl agus a chinntí do na tionscnaimh oiliúna agus oideachais arna bhforbairt agus arna gcur i bhfeidhm ag NORS.

Áireofar an oiliúint ó fhreastal ar imeachaí atá á dtairiscint cheana féin ag eagraiochtaí inchreidte oiliúna caitheamh aimsire amuigh faoin aer, mar Lónra Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer d'Éirinn agus an RA (ORN) agus Grúpa Sábháilteachta Cuaireoirí na hÉireann agus na RA (VSG), go dtí cláir oiliúna shaincheaptha a chruthú ar fud na tire, go sonrach do na riachtanais a aithníodh.

Trí aon chlár cuimsitheach oiliúna agus oideachais a chur i bhfeidhm, cruthófar deiseanna chun plé agus díospóireacht a éascú ar raon leathan ábhar, a cheadóidh tionscnaimh nua beartais agus dea-chleachtais a scaipeadh ar fud na hearnála caitheamh aimsire amuigh faoin aer níos leithne, a chumasóidh agus a spreagfaidh idirmhalartú éifeachtach smaointe agus tuairimí agus deiseanna líonraithe foirmíúla agus neamhfhoirmíúla a spreagadh.

Chun cuspóir Oiliúna agus Oideachais na Straitéisí seo a bhaint amach, moltar na moltaí seo a leanas

- Oiliúint a chur in iúl, a thacú agus a éascú dóibh siúd atá freagrach as áiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer a phleanáil, a chur i bhfeidhm, a bhainistiú agus a chothabháil
- Oiliúint a chur in iúl agus tacú le soláthraithe turasóireachta gníomhaiochta agus soláthraithe seirbhísé
- Tacú leis an bpobal caitheamh aimsire amuigh faoin aer chun cáiliochtaí creidiúnaithe caitheamh aimsire amuigh faoin aer a bhaint amach
- Cumarsáid agus tacaíocht a thabhairt don earnáil ghníomhaiochta maidir le conas taithí shlána ardchaighdeáin a sholáthar do chách mar atá forbartha ag NORS.

**8.5.1 Oiliúint arna forbairt ag NORS a chur in iúl, a thacú agus a éascú dóibh siúd atá freagrach as áiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer a phleanáil, a chur i bhfeidhm, a bhainistiú agus a chothabháil**

Tá sé ríthábhachtach d'fhorbairt inbhuanaithe thírdhreacha agus uiscedhreacha Dhún na nGall agus don tairiscint caitheamh aimsire a bhaineann leo, a bheith ar an eolas faoin smaointeoireacht, faoin taighde, faoin bpolasáil agus faoin dea-chleachtas is déanaí a bhaineann le caithimh aimsire amuigh faoin aer. Chun eolas a thabhairt don phróiseas cinnteoireachta maidir le pleánáil, le forbairt, le cur i bhfeidhm agus bainistiú áiseanna agus imeachaí caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud an Chontae, curfear clár oiliúna cuimsitheach arna fhorbairt ag NORS in iúl agus tacófar leis. Is éard a bheidh i gceist leis an oiliúint ná ceardlanna, cursaí praiticiúla oiliúna, ullmhú nótaí comhairle, tabhairt faoi thuras foghlama go dtí áiteanna eile in Éirinn agus níos faide i gcéin chun cuairt a thabhairt ar áiteanna dea-chleachtais agus comhdhálacha ar théama caitheamh aimsire lasmuigh a chur i bhfeidhm. Áirítear ar na réimsí le haghaidh breisoiliúna, mar a luadh cheana i gcuíd 8.2.2, pleánáil, dearadh agus tógáil conairí go háirithe i dtímeallachtaí íogaire, pleánáil imeachaí lasmuigh, monatóireacht agus taighde cuairteoirí, cur chuige nua maidir le sábháilteachta cuairteoirí, comharthaíocht, agus léirmhíniú chomh maith le hoiliúint maidir le conas measúnuithe cuí a dhéanamh etc.



## 8.5.2 Oiliúint do sholáthróirí turasóireachta gníomhaíochta agus soláthraithe seirbhíse a chur in iúl agus tacú leo

De réir mar a bhíonn úsáideoirí amuigh faoin aer ag taisteal agus ag fáil taithí ar chaitheamh aimsire amuigh faoin aer i suíomhanna éagsúla, éiríonn siad níos eolasaí agus ardaíonn ionchais maidir le céard is taithí lasmuigh d'ardchaighdeán ann.

Tá sé ríthábhachtach mar sin clár oiliúna tacaíochta gnó a chruthú ar fud thionscal iomlán na seirbhíse caitheamh aimsire amuigh faoin aer. Mar chuid den oiliúint seo, d'fhéadfá a mholadh d'óstáigh lóistín áiseanna triomúcháin a sholáthar do shiúlóiri fluacha, nó iarraidh ar úinéirí caiféanna freastal ar rothaithe a bhfuil

rian láibe ar a gcuid éadach. Ina theannta sin, tá oibriú le compháirtithe sa tionscal turasóireachta gníomhaíochta ríthábhachtach chun dearbhú cáilfochta an tairisceana atá á thairiscint a chinntí agus a thógáil e.g. scéalaíocht mhéalltach ar shiúlódí treoraithe chomh maith lena chinntí go bhfreastalaíonn an tseirbhís a chuirtear ar fáil do riachtanais cuairteoirí e.g. gníomhaíochtaí tráthnóna ar nós turais cadhcáil gealá, turais siúlóide éirí gréine agus taithí SUP luí na gréine.

Déanfar oiliúint nach bhfuil forbartha ag NORS ach atá tábhachtach agus sonrach do Dhún na nGall, a phorbairt ag leibhéal áitiúil agus a chur i bhfeidhm trí mheicníochtaí éagsúla lena n-áirítear uirlisí tionscail a bhaineann go sonrach le gach gníomhaíocht, ceardlanna tionscail, seimineáir agus turais foghlama. Gné riachtanach d'aon oiliúint a chuirtear ar

sholáthróirí turasóireachta gníomhaíochta agus soláthraithe seirbhíse is ea a chinntí go gcuirtear cleachtais ghnó inbhuanaithe i bhfeidhm.

## 8.5.3 Tacú leis an bpobal caitheamh aimsire amuigh faoin aer trí cháilíochtaí caitheamh aimsire amuigh faoin aer creidiúnaithe a fháil

Tá srian á chur le raon oibre gur féidir a chur ar fáil do mhuintir na hÁite agus cuairteoirí faoi láthair mar gheall nach bhfuil go leor daoine oilte i ngníomhaíochtaí caitheamh aimsire faoi leith. I measc an traenáil faoi leith le toilleadh na seirbhísí treoraithe a mhéadú, tá traenáil na 'Lowland Walk Leaders', treoraithe siúlóidí le Gaeilge, giollaí, agus teagascóirí spóirt uisce atá cáilithe chun gníomhaíochtaí ar nós tonnmharcaíocht, curachóireacht agus seaschéasláíoreacht a theagasc. Beidh rannpháirtíocht rialta idir an Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire agus earnáil na turasóireachta gníomhaíochta chun measúnú a dhéanamh ar sholáthar foirne agus riachtanais traenála riachtanach amach anseo. Is acmhainn thábhachtach í lonad Eachtraíochta Ghartáin, a d'fhéadfadh eolas a thabhairt faoi riachtanais traenála don earnáil sa todhchaí. Oibreoidh an Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer le hlonad Eachtraíochta Ghartáin le socrú cad iad na cúrsáí nó áiseanna traenála a thiocfadh leo a chur ar fáil le freastal ar an riachtanas traenála seo go háitiúil agus go díreach.

## 8.5.4 Déan cumarsáid le agus tacaigh leis an Roinn Gníomhaíochta ar conas taithí shábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách mar atá forbartha ag NORS

Tá baol ann do na treoraithe agus dóibh siúd atá i gceannas ar na suíomhanna ina mbíonn gach rud ag dul ar aghaidh mura bhfuil go leor teagascóirí cáilithe ann agus mura bhfuil na cosaintí oriúnacha i bhfeidhm. Tá sé riachtanach tacú le agus cumarsáid a dhéanamh faoi earnáil na gníomhaíochta tráchtála tar éis athbhreithniú NORS a bheith críochnaithe, den acmhainneacht chun sábháilteach agus cáilfocth an tsoláthair tráchtála a fheabhsú lena n-áirítear roghanna maidir le creidiúnú agus le hárachas.


Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go mbeadh soláthraithe tráchtála feasach ar a bhfreagracht i leith an phobail áitiúil ina bhfuil siad ag feidhmiú, mar shampla, gan úsáid a bhaint as ach láithreáin a bhfuil cead úinéir talún faigte ina leith agus páircéil go freagrach le mionbhusanna agus leantóirí i gceantair chónaithe gar do chéanna agus cuanta.





## Téama 6 | Feasacht agus Rannpháirtíocht

**Cuspóir: Le feasacht mhéadaithe faoi dheiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall a chruthú agus lón na ndaoine a bhíonn gníomhach amuigh faoin aer a mhéadú, go háirithe daoine ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht**



Ceann de na príomhbhacainní ar dhaoine rochtain a fháil ar an taobh amuigh ná easpa eolais. Tá sé rithábhachtach faisnéis a sholáthar maidir le cá háit le dul agus cad atá le déanamh chun úsáid mhéadaithe lasmuigh a spreagadh do chóintheoirí agus do chuairsteoirí. Aithnítear a chinntíú go bhfuil eolas ar dheiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall cruinn, reatha, inrochtana do chách agus é curtha ar fáil in aon áit amháin, mar cheann de phríomhgníomhaíochtaí na Straitéis.

Mar a dúradh cheana, níl na leibhéal rannpháirtíochta caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud Dhún na nGall cothrom, le bearnaí suntasacha ó chodanna áirithe den tsochaí. Cé go bhfuil moltaí curtha ar aghaidh cheana féin i rannóga roimhe seo chun an éagsúlacht seo a shárú, dírinn moltaí sa phíosa seo ar chláir do dhaoine neamhghníomhacha agus dóibh siúd a bhfuil na leibhéal rannpháirtíochta is íse acu i gcaithimh aimsire amuigh faoin aer, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha, daoine faoi mhíchumas, daoine fásta breacaosta, difhostaithe, mná agus caillíní, daoine óga agus iad siúd ó limistéir ina bhfuil ardiachtanas sóisialta.

Chun cuspóir Feasachta agus Rannpháirtíochta na Straitéis a bhaint amach, moltar na moltaí seo a leanas:

- Ról agus freagrachtaí na ndaoine sin a bhfuil baint acu le soláthar agus bainistiú faisnéise caitheamh aimsire a shoiléiriú
- Riachtanais chustaiméara agus na riachtanais faisnéise a bhaineann a thuisint
- Bunachar sonraí cuimsitheach a fhorbairt ar/ do chaithimh aimsire amuigh faoin aer
- A chinntíú go bhfuil rochtain níos fearr ar fhaisnéis caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fáil ar líne
- Feachtas fógraíochta agus cur chun cinn spriodchírithe a fhorbairt
- Tacaíocht agus éascú a dhéanamh ar mhéadú rannpháirtíochta do chách, le fócas ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht

Ar an gcaoi chéanna, faoi láthair níl aon aonán aonair amháin freagrach as feasacht a ardú agus a chur chun cinn ar na deiseanna caitheamh aimsire atá ar fáil do dhaoine áitiúla agus mar sin moltar duine ceannais a shannadh (treoir feasachta), le hacmhainní leordhóthanacha, a bheidh freagrach as soláthar a dhéanamh ar eolas agus ardú feasachta ar dheiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer don phobal áitiúil.



### 8.6.1 Ról agus freagrachtaí na ndaoine sin a bhfuil baint acu le soláthar agus bainistiú faisnéise caitheamh aimsire a shoiléiriú

Faoi láthair níl aon aonán amháin freagrach as sonraí caitheamh aimsire ar fud an Chontae. Moltar acmhainn thiomnaithe (treoir faisnéise) a shannadh chun sonraí ar chaithimh aimsire amuigh faoin aer a chomhthiomssú, a óstáil agus a mhaoiriú (lena n-áirítear spásanna glasa, spásanna gorma, cosáin, agus infreastruchtúr agus deiseanna caitheamh aimsire eile), na gníomhartha a easraíonn as an Straitéis a chur i bhfeidhm agus bonn fianaise láidir a sholáthar chun eolas a thabhairt don phróiseas cinnteoireachta agus d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae ina dhiaidh sin maidir le soláthar caitheamh aimsire amuigh faoin aer.



## 8.6.2 An custaiméir agus na riachtanais faisnéise a bhaineann leo a thuisint

Tá ionchais agus riachtanais an phobail áitiúil agus an chuairteora difriúil. Tá tuiscint eolasach agus fionnaise-bhunaithe ar na difríochtaí seo riachtanach chun an tairiscint caitheamh aimsire a fhorbairt ar fud an Chontae mar shampla, riachtanais tiomsaithe sonraí, roghnú cainéal margafochta agus pleannanna cur chun cinn. Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais an dá lucht féachana a luaithe agus is féidir, agus cruthóidh na torthaí na gníomhartha atá fágtha sa chuid seo den Straitéis. Soláthraíonn an tábla seo a leanas an pointe tosaigh don athbhreithniú seo bunaithe ar chomhairliúchán.

## 8.6.3 Bunachar sonraí cuimsitheach a fhorbairt

Tá gá le bunachar sonraí cuimsitheach, láidir agus cruinn chun eolas a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe caitheamh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall amach anseo. Nuair a bheidh siad i bhfeidhm is féidir na sonraí a thabhairt isteach in ardáin mar GoVisitDonegal.com, Discoverireland.ie.

Tá sé ríthábhachtach faisnéis níos fearr agus níos mionsonraithe a chomhordú agus a chur ar fáil don phobal, ionas gur féidir le duine cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le cibé an bhfuil suíomh/conair ar leith oriúnach dá riachtanais.

Príomhchuid den mholadh seo is ea dul i dtéagmháil go leanúnach leis na príomhpháirtithe leasmhara ar fad i nDún na nGall lena chinntí go bhfuil an t-eolas cothrom le dáta.

Déanfaidh an Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer monatóireacht agus athbhreithniú ar an mbunachar sonraí seo ar bhealach sceidealaithe agus tráthúil.

Tá Spórt Éireann ag tabhairt faoi thionscadal suntasach faoi láthair chun bunachar sonraí a thiomsú a chuimseoidh eolas cruinn cothrom le dáta ar dheiseanna a bheith gníomhach in Éirinn, lena n-áirítear cosáin, spásanna glasa agus gorma, amhail tránná agus páirceanna poiblí. Moltar go n-oibreodh an duine freagrach ar tugadh suntas dó in 8.6.1 go dlúth le Spórt Éireann chun tacú le tiomsú agus iniúchadh sonraí chun cur leis an mBunachar Sonraí Digiteach Náisiúnta seo, agus chun forbairt

### Muintir na háite

#### Saintréithe

- Cónaiteoirí i nDún na nGall
- Is é spreagadh gníomhafocht coirp, meabhairshláinte, am caite le teaghlaigh
- Rannpháirtíocht sa phobal
- Troid i gcoinne aonrú sóisialta

#### Riachtanais eolais

- Gach láthair agus conaire atá inrochtana, go háirithe iad siúd in aice láimhe
- Gach spás gorm agus glas, conairí agus gníomhafochtaí

caitheamh aimsire ar bhonn níos áitiúla a threorú i nDún na nGall.

## 8.6.4 A chinntíú go bhfuil rochtain níos fearr ar fhaisnéis caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fáil ar líne

Faoi láthair, faigheann an chuid is mó de na daoine rochtain ar fhaisnéis faoin aer ó ardáin turasóireachta agus láithreáin ghréasáin, agus luadh GoVisitDonegal.com go rialta mar phríomhfhoinse faisnéise. Díríonn GoVisitDonegal.com ar an gcuairteoir den chuid is mó agus mar sin, tá bearna aitheanta chun dul i ngleic le riachtanais an phobail.

### Cuairteoirí

#### Saintréithe

- Cuairteoirí ón taobh amuigh de Dhún na nGall
- Cuairteoirí a bhainfidh sult as roinnt caithimh aimsire amuigh faoin aer mar chuid den chuairt go Dún na nGall
- Ní ‘coisithe’ ná daoine atá ‘an-tugtha’ do chaithimh aimsire amuigh faoin aer

#### Riachtanais eolais

- Aithin agus dírigh ar bhuaicphointí na haeraíochta i nDún na nGall, mar shampla Dún na nGall, Leithinis Inis Eoghain, Na hOileáin, Sliabh Liag
- Gníomhafochtaí: Siúl, Tonnmharcaíocht
- Cósta - turais bháid, siúlóidí aille, slatascaireacht, tonnmharcaíocht

Moltar ardán oriúnach a fhorbairt nó a oriúnú chun cumarsáid a dhéanamh go sonrach leis an bpobal áitiúil.

Laistigh de na hardáin ar líne comhaontaithe, moltar sonraí atá oriúnach don lucht féachana a chur in ord tosaíochta agus a chur i láthair ar an ardán ar líne de réir mar a chinntear san athbhreithniú atá leagtha amach in 8.6.2. Mar shampla, d'fhéadfadh go gciallódh sé seo an méid faisnéise do chuairteoirí a laghdú ionas go ndíreofar ar chinn scriibe agus ar ghníomhafochtaí tosaíochta. D'fhéadfadh go gciallódh sé seo freisin, mar shampla, go mbeadh rannóig tiomnaithe ar gach siúlóid i nDún na nGall, a ligean do dhaoine áitiúla a fheiceáil cad iad na cosáin siúlóide atá ar leac an dorais acu ní céann atá ar féidir le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall nó an tAonad Cothaithe agus Feabhsaithe Sláinte, FSS, ranpháirtithe an chláir a threorú.

Ina theannta sin, laistigh den ardán ar líne comhaontaithe, moltar léarscáil idirghníomhach a fhorbairt chun an fhaisnéis a thaispeáint, le húsáid le haghaidh treoshúimh nó loingseoireachta



Tábla 8 - Riachtanais eolais na gcuairteoirí agus mhuintir na háite



### 8.6.5 Feachtas fógraíochta agus cur chun cinn spriocdhírithe a fhorbairt

Moltar Plean Margáiochta agus Cur Chun Cinn a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, a dhíreoidh ar riachtanais an phobail áitiúil maidir le haeraíocht, mar fhreagrácht don Cheannaire Feasacha mar a luadh i rannán 8.6.1 agus áirítear leis mar shampla,

- na hardáin ar na meáin shóisialta áitiúla is mó a bhfuil éileamh orthu a lorg agus a mhealladh
- dul i ngleic le pleannána cumarsáide na Comhairle agus le baill eile den Choiste Caitheamh Aimsire do chóintheoirí, mar nuachtltreacha, agus iad a chur san áireamh
- le ‘Siúlóid na Seachtaire’ i nuachtán áitiúil le pictiúir agus léarscaíl

Thar a cheann seo, baineann féidearthachtaí le tionscadail a réachtáiltear i gcompháirt le hÉire Shláintíúil, chun iompar daoine a athrú agus dea-thionchar a imirt ar shláinte fhisiúil agus ar mheabhairshláinte an duine, mar a chuirtear áiseanna amuigh faoin aer chun cinn trí leas a bhaint as TF (teicneolaíocht faisnéise) ar bhealach cruthaitheach agus trí dhreasacht airgeadra áitiúil a fhorbairt.

Ós rud é go bhfuil caithimh aimsire amuigh faoin aer mar chuid chomh bunúsach den tairiscint turasóireachta i nDún na nGall, breitheoidh an Straitéis nua Turasóireachta don Chontae atá á forbairt faoi láthair tátail agus moltaí na Straitéise seo. Tá an Straitéis Turasóireachta do Dhún na nGall atá ag teacht chun cinn ag teacht go hiomlán le spriocanna agus le cuspóirí na Straitéise Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall, agus comhlánaíonn sí iad, ag aithint caitheamh aimsire amuigh faoin aer mar

chuid lárnach de thairiscint turasóireachta an Chontae

I gcompháirtíocht le Fáilte Éireann agus Turasóireach Éireann, moltar go n-aontódh Foireann Turasóireachta CCBÁC, i gcompháirtíocht leis an ORWG, láithreacha agus gníomhaíochtaí tosaíochta caitheamh aimsire le cur chun cinn do chuaiteoirí go Dún na nGall agus a chinntíú go léirítear é seo go comhsheasmhach i gníomhaíochtaí poiblíochta ar líne agus as líne agus cruthú ábhair.

Thar a cheann seo, baineann féidearthachtaí le tionscadail a réachtáiltear i gcompháirt le hÉire Shláintíúil, chun iompar daoine a athrú agus dea-thionchar a imirt ar shláinte fhisiúil agus ar mheabhairshláinte an duine, mar a chuirtear áiseanna amuigh faoin aer chun cinn trí leas a bhaint as TF (teicneolaíocht faisnéise) ar bhealach cruthaitheach agus trí dhreasacht airgeadra áitiúil a fhorbairt.

Ina theannta sin, mar chuid d'ardú próifil Dhún na nGall mar cheann scribe lasmuigh, lorgófar deiseanna chun imeachtaí náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta breise a óstáil. Tá neart deiseanna ann d'imeachtaí ar an uisce mar gheall ar chósta fairsing agus éagsúil Dhún na nGall. San am a chuaigh thart bhí Bun Dobhráin ina óstach ar Chraobhchomórtas Surfála na hEorpa agus is é Port Nua imeacht cálithe na hÉireann de Chraobhchomórtas Rámhaíochta Cósta an Domhain.

Tá comhrá tomhaiste atá bunaithe ar fhianaise riachtanach chun elas a thabhairt d'aon imeachtaí ar scála mór amach anseo i gceantair arda i nDún na nGall go háirithe i bhfianaise fogaireacht tírdhreacha agus acmhainn iompair na gceantair sin.

### 8.6.6 Rannpháirtíocht a spreagadh do chách, go háirithe grúpaí faoi ghannionadaíocht

Chomh maith leis an bpobal áitiúil a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcaithimh aimsire amuigh faoin aer trí fleasacht a mhéadú agus trí na deiseanna a chur chun cinn, tá clár rannpháirtíocha agus ghníomhachtaithe ríthabhachtach chun daoine a bheith gníomhach amuigh faoin aer, go háirithe do na grúpaí sin atá faoi ghannionadaíocht.

Chun a chinntíú go bhfuil na deiseanna rannpháirtíocha fíor-inrochtana do gach pobal agus spriocgchrúpa, is é ról na bpáirtíte leasmhara go léir obair Chompháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Foróige, agus Rannóg um Fheabhsú Cothú Sláinte, Sláinte agus Folláine an FSS a éascú trí:

- deiseanna maoinithe méadaithe a shainaithint agus nuair is cuí sin a sholáthar chun leanúint lena gclár for-rochtana caitheamh aimsire
- feabhas a chur ar inrochtaineacht thairiscint an tárge e.g. saoráidí atá dírithe ar an teaghlaigh/daoine óga a fhorbairt, conairí uile-chumasa a fhorbairt (féach cuid 8.3.8)
- an fhaisnéis a chuirtear ar fáil a fheabhsú ionas gur féidir le duine cinneadh eolasach a dhéanamh má tá an tárge oiriúnach dá chumas nó dá chultúr (féach cuid 8.4.3)

Tá an poitéinseal ann freisin do thionscnaimh tras-gheall sealbhóirí eile a chur ar siúl chun rannpháirtíocht níos mó a spreagadh i gceantair mhóra amuigh Dhún na nGall e.g. ‘Deireadh Seachtaire Dul Amach’ a óstáil. Reáchtálfar an deireadh seachtaire gach bliain do dhaointe áitiúla chun páirt a ghlacadh i réimse leathan deiseanna caitheamh aimsire saor in aisce.





# 09

---

## Plean Gníomhaíochta

# Plean Gníomhaíochta

**Leagann an Straitéis seo amach sé théama chun an Fhís ‘Dún na nGall – Taithí Ilghnéitheach, Nádúrtha agus Iontaofa Amuigh Faoin Aer do Chách’ a chur i bhfeidhm suas go dtí 2040.**

Táthar ag súil, agus sé théama na Straitéise seo á gcur i bhfeidhm;

- comhoibriú,
- sláine comhshaoil,
- áiseanna agus seirbhísí cuartaíochta,
- ionchuimisitheacht,
- oiliúint agus oideachas
- feasacht agus rannpháirtíocht

go mbeidh taithí iontaofa caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fáil do chách, agus go ndéanfar tírdhreacha agus uisceadhreacha uathúla, ilghnéitheacha an Chontae a chosaint.

Éileoidh cur i bhfeidhm rathúil, áfach:

- gealltanás leanúnach ó na páirtithe leasmhara go léir a bhfuil baint dhíreach nó indíreach acu le forbairt, bainistíocht agus cur chun cinn caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud Dhún na nGall
- go n-oibreoidh na páirtithe leasmhara ar fad as lámha a chéile ar mhaithle le caithimh aimsire amuigh faoin aer ar fud an Chontae
- maoiniú fad-téarmach a fháil chun an Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer a fhostú
- agus a bheith in ann maoiniú fad-téarmach caipítíl a fháil ó bhuiséid inmheánacha comhlactha na bpriomhpháitithe leasmhara, agus ó fhoinsí maoinithe seachtracha, mar shampla, cláir dheantas
- an cumas buiséad agus baill foirne a fháil chun clár cothabhála leanúnach bliantúil ar suíomhanna caitheamh aimsire a chur i bhfeidhm
- úinéirí talún príobháideacha ag aontú rochtain phoiblí trasna a gcuíd talún a cheadú do chonairí siúlóide atá ann cheana féin agus do dheiseanna conairí nua
- ceannach isteach maith ag an bpobal agus ag an tionscal le haghaidh caitheamh aimsire

Tá sé ríthábhachtach na spleáchais seo a shárú go rathúil, mar go bhfuil ról suntasach ag na buntáistí a bhaineann le feidhmiú mholtáin na Straitéise i Rathúnas agus folláine an Chontae agus a phobail amach anseo, agus le cuairteoirí a mhealladh ar féidir leo leas a bhaint as an raon ilghnéitheach de dheiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar fud Dhún na nGall.

Leagann an Plean Gníomhaíochta seo a leanas amach na gníomhartha sonracha atá le cur i bhfeidhm faoi gach ceann de na sé théama le linn na 5 bliana amach romhainn.





# Téama 1 | Comhoibriú

Spreagadh a thabhairt dóibh siúd a bhíonn ag plé le caithimh aimsire amuigh faoin aer, go díreach nó go hindíreach, chun a bheith ag obair as lámha a chéile ar bhealach dearfach, oscailte, freagrach agus comhoibritheach.

## Faoi 2029 feicfimid: Cur chuige comhoibritheach i leith Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer ar fud Dhún na nGall

Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(aí)
1.1 Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh Faoin Aer a cheapadh le comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Straitéis Caitheamh Aimsire Amuigh faoin aer do Dhún na nGall.	Gearrthréimhseach	An Roinn Coimirce Sóisialaí
1.2 Iníúchadh a dhéanamh ar na páirtithe leasmhara ar fad atá bainteach le caithimh aimsire ar fud Dhún na nGall.	Gearrthréimhseach agus leanúnach	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer
1.3 Coiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin aer a bhunú agus a éascú do Dhún na nGall chun tacú le freagracht chomhroinnte i measc páirtithe leasmhara éagsúla.	Gearrthréimhseach agus leanúnach	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer
1.4 Fóram Páirtithe Leasmhara Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer a bhunú agus a éascú i ngach ceantar bardasach le comhordú, pleanaí agus forbairt caitheamh aimsire níos fearr a chur ar fáil ar leibhéal áitiúil.	Gearrthréimhseach agus leanúnach	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer
1.5 Coiste Caitheamh Aimsire Stiúrthóireachta a bhunú agus a threorú i gComhairle Contae Dhún na nGall le próifil caitheamh aimsire amuigh faoin aer a ardú agus obair chomhoibritheach a chinntíú bunaithe ar an DORS	Gearrthréimhseach agus leanúnach	Comhairle Contae Dhún na nGall
1.6 Grúpa Oibríochta Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer a bhunú agus a éascú le machnamh a dhéanamh ar shonraí tionscadail agus chun smaoineamh ar shaincheisteanna maidir le tionscadail a chur i bhfeidhm ar fud an chontae	Gearrthréimhseach agus leanúnach	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer

Déanfar iarracht leis an gComhoibriú, oibriú i dtreo na gCuspóirí Forbartha Inbhuanaithe seo a leanas:





## Téama 2 | Sláine Comhshaoil

Oidhreacht nádúrtha, thógha agus chultúrtha Dhún na nGall a chosaint ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht.

<b>Faoi 2029 feicfimid: Cur chuige nua i leith infreastruchtúr/conairí caitheamh aimsire a phleanáil agus a forbairt ar fud Dhún na nGall</b>			
<b>Gníomh</b>	<b>Amscála</b>	<b>Príomheagraíocht(aí)</b>	
2.1 Oifigeach Bithéagsúlachta don Chontae a cheapadh le bheith cinnte go dtabharfar tosaíocht don inbhuanaitheacht agus don tsláine comhshaoil i ngach forbairt caitheamh aimsire amuigh faoin aer.	Gearrthréimhseach	Comhairle Contae Dhún na nGall	
2.2 A chinntíú go bhfuil an timpeallacht agus inbhuanaitheacht i gcónaí ar an gclár do chruiinnithe an Ghrúpa Oibríochta Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer	Leanúnach	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer, baill ORWG	
2.3 Cumarsáid a dhéanamh, agus tacú le clár traenála agus é a éascú dóibh siúd atá bainteach leis an bpleanáil, forbairt agus tógáil infreastruchtúr caitheamh aimsire le conairí san áireamh.	Gearrthréimhseach agus gach bliain ina dhiaidh sin	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer, baill ORWG	
<b>Faoi 2029 feicfimid: Bainistíocht cuartaíochta agus inbhuanaitheacht timpeallachta feabhsaithe ag na príomhshuíomhanna/conairí caitheamh aimsire amuigh faoin aer</b>			
<b>Gníomh</b>	<b>Amscála</b>	<b>Príomheagraíocht(aí)</b>	
2.4 Clár traenála a chur ar fáil faoi fhreagraí monatóireachta cuairteoirí atá cothrom le dáta agus a chuirfidh an sampla 'Sochar Sóisialta ar Infheistíocht' i bhfeidhm	Meántéarmach agus gach 2 bliain ina dhiaidh sin	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer	
2.5 Na sonraí atá faigthe ó shonraí monatóireachta cuairteoirí reatha a chomhordú trasna Dhún na nGall agus tuairisciú ar ais chuig an gCoiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin aer do Dhún na nGall agus an pobal caitheamh aimsire níos leithne.	Meántéarmach	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer	
2.6 Cúrsa traenála a chur ar fáil, tacú leis an gcúrsa sin agus a bheith ag plé leis an gcáipéisíocht i ndiaidh na traenála dóibh ar fad a mbíonn baint acu le himeachtaí caitheamh aimsire amuigh faoin aer a reáchtáil agus béim a leagan ar thábhacht an phróisis seo, agus ar thábhacht na dtírdhreach agus na n-uiscedhreach	Gearrthréimhseach agus gach bliain ina dhiaidh sin	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer, baill ORWG	



2.7 Le cur i bhfeidhm i ndiaidh am an fhoilsithe, treoir náisiúnta le teacht ó Fáilte Éireann	Fadtéarmach	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer, baill ORWG
2.8 Tacú le cur i bhfeidhm na teachtaireachta náisiúnta maidir leis an 'iompar freagrach' agus feachtas sainiúil a chruthú chun an teachtaireacht a chur i bhfeidhm i nDún na nGall. Mar shampla, le grianghraif agus tacaíocht ón bpobal áitiúil, scaip an teachtaireacht go leanúnach maidir leis an iompar freagrach agus ábhar na teachtaireachta dírithe go sonrach ar Dhún na nGall. Bain leas as cás-staidéir a phléann le dea-chleachtais ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta	Gearrthréimhseach agus leanúnach	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer, baill ORWG
2.9 Clár leanúnach don mhonatóireacht timpeallachta a chur i bhfeidhm ag na príomhshuïomhanna caitheamh aimsire	Meántéarmach/ fadtéarmach	Coillte, Gníomhaireacht na Lochanna, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Comhairle Contae Dhún na nGall

Déanfar iarracht leis an tSláine Comhshaoil, oibriú i dtreo na gCuspóir Forbartha Inbhuanaithe seo a leanas:





## Téama 3 | Áiseanna agus Seirbhísí Cuartaíochta

Chun taithí agus deiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer a bheidh ar ardchaighdeán, inrochtana, taitneamhach agus inbhuanaithe trasna an Chontae a chur ar fáil, le tacaíocht ó áiseanna seirbhísí cuartaíochta más cuí.

Faoi 2028 feicfimid: Pleanál straitéisearch láidir maidir le hinfreastruchtúr caitheamh aimsire amuigh faoin aer		
Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(aí)
3.1 Straitéis Bealach Glas a ullmhú don Chontae	Gearrthréimhseach	Comhairle Contae Dhún na nGall
3.2 Pleananna a fhorbairt chun conairí pobail a dhéanamh i ngach ceantar bardasach trasna an chontae	Gearrthréimhseach – meántéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall
3.3 Tabhairt faoi Staidéar Féidearthachta chun sraith bealaí spaisteoireachta gearra a fhorbairt cois cósta, a d'fhéadfadh Conair Shiúil Slí an Atlantaigh Fhiáin a dhéanamh as i ndeireadh na dála, mar shampla Baile Dhún na nGall go dtí An Port, Cnoc Fola, Gleann Gheis	Gearrthréimhseach – meántéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall, Compháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Údarás, Comhar na nOileán
3.4 Tabhairt faoi mháistirphleaneanna do bhunmhoil fhóillíochta: Loch Finne, Loch an Troisc, Na Cealla Beaga, Carraig Mhic Uidhilín-Carn Domhnach, Bearnas Dhún na nGall/An Bearna Mór, Gleann Gheis, Dún Lúiche	Gearrthréimhseach – meántéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall
3.5 Tabhairt faoi Staidéar Indéantachta le himharthanacht bealá gorma nó conairí uisce a fhorbairt i mBearna Dhún na nGall, Bearna Bhaile na nGallóglach, Loch Feabail agus Loch Súilí/Leithinis Inis Eoghain	Gearrthréimhseach	CCD, Gnómhaireacht na Lochanna, Iascach Intíre Éireann
3.6 Tabhairt faoi staidreamh scóipe ar fud an chontae faoi chonairí rothaíochta easbhóthair dírithe ar theaghlaigh/pumpraonta agus gníomhaíochtaí eachtraíochta.	Gearrthréimhseach	Comhairle Contae Dhún na nGall
3.7 Tabhairt faoi staidreamh scóipe faoi lonad Conaire do Rothaíocht Sléibhe a chruthú	Gearrthréimhseach	Coillte, Comhairle Contae Dhún na nGall



## Faoi 2028 feicfimid: Deiseanna níos fearr caitheamh aimsire amuigh faoin aer a bheith ar fáil timpeall an chontae do phobal níos leithne

Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(aí)
3.8 Tacú le cur i bhfeidhm moltaí NORS agus straitéisí agus pleannanna don cheantar atá ann cheana, ar níos Gleann Bheatha, Inis Eoghain, Droim Bó, Inis Trá Tholl etc	Leanúnach	ORWG agus baill aonaracha
3.9 Tús a chur le dearadh, le pleanáil agus, más féidir, le forbairt ar chonairí siúil nua gur féidir a chur le conair shiúil níos mó ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin	Fadtéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall, Compháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Údarás, Comhar na nOileán
3.10 I gcomhar le páirtithe ábhartha, aithin conairí siúil straitéiseacha agus cuir isteach ar chuimsiú sa Scéim Siúil atá á reáchtáil ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	Meántéarmach - fadtéarmach	Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall
3.11 Tús a chur le dearadh, pleanáil agus, más féidir, forbairt ar líonra conairí pobail trasna an chontae bunaithe ar mholtáí ó Phleananna na gConairí Pobail.	Fadtéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall, Compháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Údarás, Comhar na nOileán
3.12 Tús a chur le dearadh, le pleanáil agus, más féidir, le forbairt ar dheiseanna caitheamh aimsire nua bunaithe ar mholtáí ón bhForbairt/ Máistirphleaneanna thusluaithe	Fadtéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall, Compháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Údarás



3.13 Tús a chur le dearadh, le pleanáil agus, más féidir, le forbairt ar bhealaí gorma agus ar chonairí uisce trasna an chontae bunaithe ar mholtá ón Staidéar Indéantachta thusluaithe	Fadtéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall, Compháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Údarás, Comhar na nOileán
3.14 Tús a chur le dearadh, le pleanáil agus, más féidir, le forbairt ar dheiseanna teaghlachaí nua bunaithe ar mholtá ón Staidreamh Scóipe thusluaithe.	Fadtéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall, Compháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Údarás, Comhar na nOileán

#### Faoi 2028 feicfimid: Caighdeán níos airde agus seirbhísí cuartaíochta níos fearr ag áiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer

Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(aí)
3.15 Tabhaint faoi iniúchadh mionsonraithe ar bhonn bliantúil ar líon áirithe suíomhanna/conairí le cothabháil, feabhsú agus obair nua atá ag teastáil a chinntíú, ceadú a lorg ón Coiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do thosaíocht mhaoinithe agus moltaí don iniúchadh ar an talamh a chur i bhfeidhm	Leanúnach	CCD, Gníomhaireacht na Lochanna, SPNF, Coillte, Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall, Compháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Údarás, Comhar na nOileán

#### Faoi 2028 feicfimid: Áiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer atá bainistithe agus coinnithe níos fearr

Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(aí)
3.16 Tabhaint faoi ghníomh le measúnú a dhéanamh ar ról na ngrúpaí pobail áitiúla agus eagraíochtaí tacaíochta pobail faoi láthair i bhforbairt, bainistíocht agus cothabháil an bhonneagair caitheamh aimsire amuigh faoin aer trasna an chontae sa todhchaí	Meántéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall

Déanfar iarracht le hÁiseanna agus Seirbhísí Cuartaíochta, oibriú i dtreo na gCuspóirí Forbartha Inbhuanaithe seo a leanas:





## Téama 4 | Ionchuimsitheacht

**Le bheith cinnte go bhfuil gach duine in ann páirt a ghlacadh agus go motháíonn siad go bhfuil fáilte rompu amuigh faoin aer i nDún na nGall**

<b>Faoi 2028 feicfimid: Méadú i lón na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht agus páirt á ghlacadh acu i gcaithimh aimsire amuigh faoin aer</b>			
<b>Gníomh</b>	<b>Amscála</b>	<b>Príomheagraíocht(aí)</b>	
4.1 Tabhairt faoi iniúchadh mionsonraithe ar shuíomhanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer ar bhonn bliantúil trasna an Chontae maidir le hionchuimsitheacht agus rochtain	Gearrthréimhseach - leanúnach	Baill ORWG	
4.2 Bunaithe ar thoradh an Iníuchta Uileghabhálachta agus Rochtana, tabhairt faoi chlár oibreacha caipitiúla leanúna le dul i ngleic leis na fadhbanna, mar shampla an gá le seomra feistis, leithris, dromchla níos fearnar ar chonairí, níos mó suíocháin ar chonairí, etc	Meántéarmach - fadtéarmach	Baill ORWG	
4.3 Bunaithe ar thoradh an Iníuchta Uileghabhálachta agus Rochtana, na foinsí eolais ar fad ar gach suíomh/conair a uasdhátú le déanamh cinnte gur féidir cinneadh feasach a dhéanamh roimh an gcuairt. Cuir an t-eolas seo in iúl go forleathan trí eagraíochtaí/lónraí ábhartha	Meántéarmach - fadtéarmach	An Roinn Coimirce Sóisialáí, Comhairle Contae Dhún na nGall, HPA, Foróige	
4.4 Iníuchadh a dheanamh ar gach Rith Páirce trasna an chontae agus cuir eolas mionsonraithe ar fáil faoi na cinn atá oriúinach do dhaoine faoi mhíchumas agus na cinn nach bhfuil	Gearrthréimhseach	An Roinn Coimirce Sóisialáí	
4.5 Cumarsáid a dheanamh agus tacú leis an gcur i bhfeidhm ar leibhéal náisiúnta traenála, do réimse páirtithe leasmhara, ar bhunthéamaí uileghabhálachta mar shampla forbairt infreastruchtúr inrochtana,	Meántéarmach - leanúnach	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer	

Déanfar iarracht le hionchuimsitheacht agus Seirbhísí Cuartaíochta, oibriú i dtreo na gCuspóirí Forbartha  
Inbhuanaithe seo a leanas:





## Téama 5 | Oideachas agus Oiliúint

Leis an lucht caitheamh aimsire amuigh faoin aer a ullmhú níos fíorr, anois agus sa todhchaí, leis na scileanna agus leis an eolas riachtanach le bheith cinnte go bhfaighidh na húsáideoirí taithí caitheamh aimsire amuigh faoin aer a bheidh ar ardchaighdeán agus a bheidh inbhuanaithe

### Faoi 2028 feicfimid: Roinnt agus foghlaim idir dhaoine a ghlaicann páirt i gcaithimh aimsire amuigh faoin aer

Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(aí)
5.1 Cumarsáid a dhéanamh agus tacú le clár náisiúnta traenála ar nós ceardlanna, comhdháil, imeachtaí traenála, aistir fhoghlama ar réimse leathan ábhair faoi chaithimh aimsire amuigh faoin aer le foghlaim, líonrú, agus comhroinnt dea-chleachtais a spreagadh	Meántéarmach - leanúnach	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer, baill ORC
5.2 Na príomhpháirtithe leasmhara a spreagadh chun ballraíocht a ghlaicadh sna líonrá tionscail ar nós Grúpa Sábháilteachta na gCúairteoirí agus an Líonra Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer agus modheolaíocht a chur i bhfeidhm le comhroinnt eolais a cheadú.	Gearrthréimhseach - meántéarmach	Baill ORC

### Faoi 2028 feicfimid: Soláthróirí Gníomhaíochta Tráchtala atá ábalta agus rialaithe chun taithí shábháilte ardchaighdeáin a chur ar fáil do chách

Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(aí)
5.3 Cumarsáid a dhéanamh maidir leis, agus tacú leis an treoir náisiúnta maidir le sábháilteachta agus caighdeán soláthar tráchtala gníomhaíochtaí caitheamh aimsire amuigh faoin aer, eolas maidir le reacthaíocht, le creidiúnú agus le riachtanaí árachais san áireamh	Meántéarmach	Baill CCAAFA, Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer
5.4 Plean Traenála a phorbairt agus a chur i bhfeidhm do Sholáthróirí Gníomhaíochta/Seirbhíse faoi conas taithí caitheamh aimsire den scoth a chur ar fáil. Thiocfadh le ceardlanna, lámhleabhair oiliúna, boscaí uirlísí a bheith mar chuid de seo mar atá forbartha trí NORS	Fadtéarmach	Fáilte Éireann, Comhairle Contae Dhún na nGall
5.5 Ionad Eachtraíochta Ghartáin a dheimhniú mar shuíomh traenála le muintir na háite a oiliúint do ghradaim NGB agus cúrsaí eile ar nós 'Ceannairí Ísealchríche'	Meántéarmach - fadtéarmach	Comhordaitheoir Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer ionad Eachtraíochta Ghartáin, An Roinn Coimice Sóisialaí, HPA, Foróige

Déanfar iarracht le hOiliúnt agus Oideachas, oibriú i dtreo na gCuspóirí Forbartha Inbhuanaithe seo a leanas:





## Téama 6 | Feasacht agus Rannpháirtíocht

**Le feasacht mhéadaithe faoi dheiseanna caitheamh aimsire amuigh faoin aer i nDún na nGall a chruthú agus líon na ndaoine a bhíonn gníomhach amuigh faoin aer a mhéadú, go háirithe daoine ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht**

### Faoi 2028 feicfimid: Soiléireacht ar róil agus ar fhreagrachtaí

Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(aí)
6.1 Príomhdhuine a cheapadh a bheidh i gceannas ar chomhthiomsú, ar chur i láthair agus ar mhaoirseacht sonraí caitheamh aimsire amuigh faoin aer.	Gearrthréimhseach	Comhairle Contae Dhún na nGall
6.2 Príomhdhuine a cheapadh a bheidh i gceannas ar eolas a chur ar fáil agus feasacht a ardú maidir le caithimh aimsire amuigh faoin aer do mhuintir na háite.	Gearrthréimhseach	Comhairle Contae Dhún na nGall

### Faoi 2028 feicfimid: Tuiscint níos fíorr ar an gcustaiméir

Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(aí)
6.3 Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais agus ar roghanna an dá phríomhgrúpa, muintir na háite agus cuairteoirí Dhún na nGall, i gcomhpháirtíocht leis an gCoiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin aer do Dhún na nGall.	Gearrthréimhseach	Comhairle Contae Dhún na nGall

### Faoi 2028 feicfimid: Sonraí láidre bunaithe ar fhianaise d'fhorbairt inbhuanaithe caitheamh aimsire amuigh faoin aer

Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(aí)
6.4 I gcomhpháirtíocht le Spórt Éireann, tacú le comhthiomsú agus le hiniúchadh sonraí le cur le Bunachar Sonraí Náisiúnta Digitigh Spórt Éireann	Gearrthréimhseach	Comhairle Contae Dhún na nGall, Spórt Éireann
6.5 Iniuúchadh a thiomsú agus a dhéanamh ar shonraí breise le freastal ar riachtanais mhuintir na háite agus chuaireoirí Dhún na nGall. Beidh eolas níos fíorr agus níos miesonraithe le cur leis na sonraí ionas go mbeidh an duine in ann cinneadh feasach a dhéanamh faoina bhfuil an táirge oiriúnach dá chumas nó dá chultúr	Meántéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall
6.6 Próiseas a bhunú le hiniúchadh a dhéanamh ar shonraí caitheamh aimsire amuigh faoin aer le bheith cinnte go bhfuil an t-eolas cruinn agus cothrom le dáta.	Meántéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall



### Faoi 2028 feicfimid: Rochtaí níos fearr ar eolas faoin saol amuigh faoin aer ar líne

Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(ai)
6.7 Forbairt nó leasú a dhéanamh ar ardáin ar líne chun cumarsáid a dhéanamh le muintir na háite agus le chuaireoirí.	Meántéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall
6.8 Sonraí a chur in ord tosaíochta agus iad a chur i láthair i mbealach oiriúnach don lucht leanúna ar an ardán ar líne	Meántéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall
6.9 Taobh istigh den ardán ar líne, léarscáil idirghníomhach a fhorbairt	Fadtéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall

### Faoi 2028 feicfimid: Cuir chuige beartaithe agus dírithe i leith chun tosaigh

Gníomh	Amscála	Príomheagraíocht(ai)
6.10 I gcompháirtíocht leis an gCoiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall, plean bolscaireachta a fhorbairt chun feasacht a ardú do mhuintir na háite ar céin áit agus conas páirt a ghlaicadh i gcaithimh aimsire amuigh faoin aer.	Meántéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall, An Roinn Coimice Sóisialaí, HPA, Foróige.
6.11 I gcompháirtíocht leis an gCoiste Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall, le Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann, a chinntíú go léirítear suíomhanna agus gníomhaíochtaí tosaíochta do chuaireoirí go seasta i ngníomhaíocht bholscaireachta turasóireachta ar líne agus as líne agus i gcruthú ábhair	Gearrthréimhseach	Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, Turasóireacht Éireann



6.12 Deiseanna a lorg chun níos mó imeachtaí uisce a chur i láthair go náisiúnta, san Eoraip agus go hidirnáisiúnta mar shampla tonnmharcaíocht agus rámhaíocht chósta	Gearrthréimhseach	Comhairle Contae Dhún na nGall
6.13 A chinntíú go bhfuil ábhar agus íomhánna ionchuimsitheacha corporaithe sna hardáin ar líne	Meántéarmach	Comhairle Contae Dhún na nGall
6.14 Na treoirínta náisiúnta maidir le hiompar freagrach amuigh faoin aer a thabhairt isteach i ngach cumarsáid agus iad seo a chur chun cinn do mhuintir na háite agus do chuaireoír	Meántéarmach	Gach
6.15 Leanúint ar aghaidh leis na cláir ranpháirtíochta a chur ar fáil le tacú leis an méadú ar ranpháirtíocht	Leanúnach	An Roinn Coimirce Sóisialaí, HPA, Foróige
6.16 Cur le líon na gclár agus na ranpháirtithe a ghlaicann páirt i gcaithimh aimsire amuigh faoin aer do chách, de réir treoir ó Spórt Éireann agus maoiniú atá ar fáil	Gearrthréimhseach	An Roinn Coimirce Sóisialaí
6.17 Obair CCF, Dún na nGall Sláintíúil, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Foróige agus FSS a éascú chun ranpháirtíocht a mhéadú	Leanúnach	Gach
6.18 Pobail a spreagadh chun a bheith níos gníomhaí sna páirceanna áitiúla agus i spásanna oscailte agus chun a gcuid stíleanna maireachtála a fhreahbsú	Leanúnach	Éire Shláintíúil

Déanfar iarracht le Feasacht agus Ranpháirtíocht, oibriú i dtreo na gCuspóirí Forbartha Inbhuanaithe seo a leanas:



Fuair an tionscnamh seo tacáiocht ó na comhlachtaí seo a leanas:

**An Roinn Forbartha Tuithe & Pobail, Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Dhún na nGall, Forbairt Áitiúil Dhún na nGall CTR agus Comhairle Contae Dhún na nGall trí dheontas a fháil faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuithe in Éirinn 2014-2022 "Infheistiú á dhéanamh ag an Eoraip i gCeantair Thuaithe".**

Admhaíonn Forbairt Áitiúil Dhún na nGall CTR go bhfuarthas an maoiniú seo chun Straitéis Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall a fhorbairt.

Ba mhaith le Comhairle Contae Dhún na nGall buíochas a ghabháil as agus aitheantas a thabhairt don am agus dua a chaith an Coiste Stiúrtha inmheánach agus seachtrach agus na Grúpaí Páirtithe Leasmhara agus iad ag obair leis an bpobal níos leithne agus le comhairleoirí Outdoor Recreation NI, d'fheonn an chéad Straitéis Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer do Dhún na nGall a fhorbairt.

© Soláthraíodh grianghraif na cáipéise seo ó: Outdoor Recreation NI, Fáilte Éireann, Turasóireacht Éireann, Gareth Wray, Martin Fleming, Alan McLaughlin/Féile Ealaíne an Earagail, Steven Crane/Féile Ealaíne an Earagail, Chris Hill, Gareth McCormack, Patrick Fore/unsplash agus John Carver.

Úsáid an cód seo d'fheonn an  
Straitéis a íoslódáil go digiteach.

